**Cód:** QA232
**Teideal:** Polasaí maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh (FPP)
**Dáta:** **1 Deireadh**
**Fómhair 2015 Faomhadh:** **An**
**Chomhairle Acadúil**

## 1.0 Aidhm

Maidir le seachadadh clár gairmiúil agus creidiúnaithe a bhfuil cleachtas le húsáideoirí seirbhíse/grúpaí cliant i gceist leo, agus a ndéantar measúnú díreach ar an gcleachtas sin, tá freagracht ar an Ollscoil a chinntiú go meastar na mic léinn a bheith inniúil i dtaca le cleachtadh. Tá freagracht uirthi chomh maith, a mhéid agus is féidir nuair atá oiliúint ghairmiúil agus chleachtas-bhunaithe á cur ar fáil aici, polasaithe a bheith i bhfeidhm aici a chinntíonn go dtabharfar cosaint do dhaoine leochaileacha agus do leanaí agus go mbeidh siad sábháilte. Is é príomhchuspóir an pholasaí seo a chinntiú go gcosnófar leas an phobail, sábháilteacht an chliaint agus soláthróirí socrúcháin. Maidir leis na mic léinn sin atá cláraithe ar chláir ghairmiúla chreidiúnaithe, ar chláir atá le creidiúnú fós agus/nó cláir a mbaineann gné chliniciúil/shocrúcháin leo, éilítear ar na mic léinn sin cloí le cód iompair gairmiúil an chomhlachta clárúcháin agus leis na cóid infheidhmithe eile atá ábhartha don disciplín. Táthar ag súil chomh maith go mbeidh mic léinn sláintiúil, idir cholainn agus intinn, ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoin gcleachtas gairmiúil go hinniúil. Cuirfear an duine ar aghaidh chuig Painéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh mar rogha dheiridh tar éis gach iarracht réasúnta eile a bheith déanta chun tacú leis an mac léinn agus/nó aghaidh a bheith tugtha ar an ábhar imní maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh. Beidh breithniú iomlán i gceist leis seo ar na meicníochtaí eile atá i bhfeidhm san ollscoil agus/nó ar an suíomh socrúcháin ábhartha chun dúbailt a laghdú nuair is féidir. Nuair is féidir agus nuair is cuí, déanfaidh an ollscoil a dícheall rogha eile a thairiscint do mhic léinn agus/nó cuidiú leo na creidmheasanna atá saothraithe acu a aistriú.

## 2.0 Cur síos

**2.1** Scóip an Pholasaí

Clúdóidh an polasaí seo gach clár a bhaineann le hoideachas agus le hoiliúint i gcúram sláinte, cúram sóisialta a dteastaíonn socrúchán cliniciúil uathu agus cláir eile de réir mar is cuí. Áiríonn sé seo gach gairmí a bhfuil, nó a mbeidh go luath, rialachán/clárú seachtrach agus/nó socrúchán cliniciúil acu. I gcás OÉ Gaillimh, áirítear leo seo: Cúram sláinte gaolmhar, Síceolaíocht Chliniciúil, Leigheas, Altranas, Cnáimhseachas, Teiripe Shaothair, Cosliacht, Cúram Sóisialta, Obair Shóisialta, Teiripe Urlabhra agus Theanga, Anailísithe Iompraíochta Feidhmeacha agus Cothú Sláinte.

**2.2** Nós Imeachta

(a) Neamhfhoirmiúil: Nuair is féidir, ní mór aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh trí ghnáth-thacaíocht agus soláthar tréadach an chláir agus na hollscoile. Caithfidh gach Scoil a meicníochtaí féin a bheith aici chun dul i ngleic le hábhair imní dá leithéid (tá nósanna imeachta atreoraithe scoile samplacha le fáil in Aguisín 2). Ba chóir mic léinn a choinneáil ar an eolas, de ghnáth, maidir leis na próisis atá á leanúint.

(b) Seiceáil Nós Imeachta: Sula gcuirfear duine ar aghaidh do FPP na hollscoile, ní mór breithniú iomlán a dhéanamh, agus a chur ar taifead, cibé acu an meastar go bhfuil nósanna imeachta eile laistigh den ollscoil nó eagraíochtaí a thairgeann socrúchán mac léinn atá níos oiriúnaí le húsáid. Nuair is ábhartha, ní mór FPP an chomhlachta rialála ábhartha don ghairm nó don eagraíocht a chur san áireamh freisin. Is é an prionsabal ginearálta féachaint le dúbláil nósanna imeachta a sheachaint agus nach gcaithfidh an mac léinn dul faoi phróisis éagsúla.

(c) Foirmiúil: Déanfar cinneadh duine a chur faoi FPP na hOllscoile sa chás go meastar go bhfuil gach iarracht déanta aghaidh a thabhairt go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil ar an gceist maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh trí mheicníochtaí tacaíochta Scoile agus/nó ollscoile. De ghnáth, cuirfidh an stiúrthóir cláir ábhartha an moladh faoi bhráid an Chinn Scoile. Caithfear a léiriú go soiléir go meastar gurb í an Inniúlacht i dtaca le Cleachtadh an próiseas is oiriúnaí. Ní mór moltaí a dhéanamh i scríbhinn tríd an gCeann Scoile nó údarás ainmnithe. Ní mór cáipéisí tacaíochta a chur ar fáil a thugann cuntas ar thoradh an phróisis neamhfhoirmiúil agus/nó an cinneadh maidir le duine a chur ar aghaidh. Ba chóir an mac léinn a choinneáil ar an eolas, de ghnáth, maidir leis na próisis atá á leanúint.

**2.3** Painéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh

Ainmneoidh an Chomhairle Acadúil painéal de dhá dhuine dhéag ar feadh tréimhse ceithre bliana, ag cinntiú go bhfuil cothromaíocht inscne i measc bhaill an phainéil agus go bhfuil dóthain ball air atá in ann cás a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Déanfaidh an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí ainmniúcháin ón bpainéal seo ar an FPP agus is gnách go mbeidh na hainmniúcháin sin in oifig ar feadh ceithre bliana.

Seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an bPainéal:

- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán nó ag Údarás Ainmnithe
- Rúnaí an Choiste, arna cheapadh ag an gCathaoirleach. .
- Triúr ball arna roghnú ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil.

Féadfaidh siad seo a leanas a bheith ar an bPainéal freisin:

- Ionadaí/Ionadaithe Eagrúcháin Seachtracha molta ag Comhaltaí an Phainéil agus faofa ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí
- Ionadaí/Ionadaithe Úsáideora Seirbhíse/Othar molta ag Comhaltaí an Phainéil agus faofa ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí

Tá an painéal freagrach as
An cás a athbhreithniú lena n-áirítear toradh an phróisis
neamhfhoirmiúil An toradh cuí a chinneadh
An toradh a chur in iúl don mhac léinn agus don Cheann Scoile/Déan cuí laistigh de 10 lá oibre

**2.4** An ceangal idir Inniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus Cóid/Polasaithe/Nósanna Imeachta Eile

Beidh an polasaí seo ar bun ag an am céanna le polasaithe a bhaineann le hIompar, Míchumas, Cionta Acadúla, Sláinte Mac Léinn agus eile a mheastar a bheith ábhartha. Díreofar ar an mbreithniú maidir le duine a chur ar aghaidh chuig polasaithe dá leithéid de réir Alt 2.2(b). Beidh an rogha ag gach ceann de na polasaithe seo iad a chur ar aghaidh chuig FPP má mheastar gur cuí sin.
Sainréimsí faoinar féidir imní maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh a aithint

(a) Leibhéal/leibhéil t(h)romchúiseach(a) iompair neamhghairmiúil

(b) Sláinte/Lagú/Míchumas: áit in ainneoin tacaíochtaí a bheith curtha ar fáil, nach féidir leis an duine, gan aon locht orthu féin, riachtanais phraiticiúla/ghairmiúla an róil ghairmiúil a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte.

(c) Cionta Acadúla: áit a mbíonn amhras faoi inniúlacht i dtaca le cleachtadh.

**2.5** Torthaí Féideartha

(a) Níl aon chás le Freagairt; tá cead ag an mac léinn leanúint ar aghaidh.
(b) Tá lagú ar an Inniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus ní féidir leis an mac léinn leanúint ar aghaidh gan na coinníollacha atá leagtha síos ag an bpainéal a chomhlíonadh. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu seo gur gá freastal ar sheirbhís speisialtóra nó ar rang feabhais breise mar a shonraítear sa Chlár. I gcásanna den sórt sin, cuirfear an mac léinn ar fionraí faoi choinníollacha.
(c) Tá lagú ar Inniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus ní féidir leis an mac léinn leanúint ar aghaidh leis an gclár. I gcásanna dá leithéid, beidh ar an mac léinn an clár a fhágáil. Nuair is féidir agus nuair a mheastar a bheith cuí, aistreofar creidiúintí acadúla chuig clár eile san ollscoil

**2.6** Na Próisis Achomhairc

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig Cathaoirleach an Bhoird Achomhairc, trí Rúnaí an Bhoird Achomhairc, laistigh de choicís ó dháta eisiúna chinneadh an FPP (féach Aguisín 1).

**2.7** Athbhreithniú ar an bPolasaí

Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí tar éis na chéad bhliana agus as sin amach, tráth nach lú ná gach 5 bliana.

**3.0 Freagrachtaí**

| **Ainm** | **Freagracht** |
|---|---|
| An tUachtarán Ionaid | Úinéir an Pholasaí |
| Uachtarán**/Údarás Ainmnithe** | Ainmnigh Cathaoirleach an Phainéil Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh |
| Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí | Comhaltaí Painéil a Ainmniú |
| An Ceann Scoile | A chinntiú go bhfuil an té a cuireadh ar aghaidh chuig Inniúlacht i dtaca le Cleachtadh oiriúnach agus go bhfuil gach bealach eile chun aghaidh a thabhairt ar an gceist curtha san áireamh |
| Boird na gClár | Chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm laistigh de gach Clár (nó polasaí Scoile i gcásanna ina bhfuil roinnt Clár i gceist) chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus cinneadh a dhéanamh faoi dhuine a chur ar aghaidh chuig an bPainéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh. Ní mór iad seo a chur in iúl go soiléir do mhic léinn sna lámhleabhair chúrsa |
| Painéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh | Ionadaíocht chuí a chinntiú ó ionadaithe seachtracha de réir mar a mheastar a bheith cuí don chás. |

**4.0 Cáipéisí Gaolmhara**

**4.1 Aguisín 1: Nós Imeachta maidir le hAchomharc**

Seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an mBord Achomhairc ó thaobh ballraíochta de:

- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán.
- Triúr arna roghnú ag an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil.

- Ball seachtrach d’Údarás na hOllscoile, arna cheapadh ag an Uachtarán.

Sa chás nach bhfuil Cathaoirleach an Phainéil FPP nó an Bhoird Achomhairc in ann cás a stiúradh trí mheán na Gaeilge, ceapfaidh an tUachtarán cathaoirleach chun críocha cás ar leith a éisteacht trí mheán na Gaeilge. Má chinntear go bhfuil baint ag Cathaoirleach an FPP nó an Bhoird Achomhairc le haon ghné den chás atá faoi athbhreithniú, ainmneoidh an tUachtarán Cathaoirleach ad hoc as measc bhaill na Comhairle Acadúla.

Sa chás nach bhfuil ainmní na Comhairle Acadúla ar an FPP nó ar an mBord Achomharc in ann cás a stiúradh trí mheán na Gaeilge, ceapfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí duine den phainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil chun cás ar leith a éisteacht trí mheán na Gaeilge.
Ní bheidh na daoine céanna ar an FPP agus ar an mBord Achomhairc. Beidh baill ainmnithe nó cheaptha den FPP agus den Bhord Achomharc i seilbh oifige ar feadh ceithre bliana nó ar feadh an chuid eile de théarma an phainéil i gcás go gceapfar duine ar an bpainéal mar ionadaí.

Déanfaidh an t-achomharcóir cúiseanna an achomhairc a chur faoi bhráid Rúnaí an Bhoird Achomhairc, i scríbhinn. Is é dáta eisiúna an chinnidh sin an dáta a seolfar an cinneadh chuig seoladh an mhic léinn mar atá ar thaifead na mac léinn san Ollscoil, nó an dáta a dtabharfar an cinneadh sin don mhac léinn.

Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an phionóis a ghearrtar i bhfianaise cúinsí maolaitheacha.

Beidh achomharcóir i dteideal, más mian leis/léi, labhairt leis an mBord Achomhairc.
Cuirfear cóip de na cúiseanna a bhfuil an t-achomharcóir ag iarraidh achomharc a dhéanamh lena n-áirítear aighneacht an achomharcóra, más ann dó, ar fáil don Bhord Achomhairc mar aon le cóip de thaifead ábhartha an FPP.

Féadfaidh an t-achomharcóir agus an bunghearánach/na bunghearánaithe aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc.

Más rud é i dtuairim an Bhoird Achomhairc gur gá de réir an cheartais, féadfaidh an Painéal fianaise nár cuireadh ar fáil ag an éisteacht roimh Éisteacht an Phainéil a bhreithniú ach ar choinníoll i gcónaí gur cuireadh in iúl don mhac léinn/do na mic léinn an rún fianaise úr den sórt sin a thabhairt ar aird nó chuig an mbunghearánach/na bunghearánaithe, de réir mar a bheidh, agus dóthain ama a thabhairt don mhac léinn/do na mic léinn nó don ghearánaí/do na gearánaithe an fhianaise úr a bhreithniú i gceart agus déileáil léi go cuí ag éisteacht an achomhairc.

Féadfaidh an Bord Achomhairc an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an t-achomharc a cheadú;
- an pionós a laghdú nó a mhéadú, nó cineál an phionóis a athrú;
- diúltú don achomharc.

Tabharfar cinneadh an Bhoird Achomhairc i scríbhinn don mhac léinn/do na mic léinn agus cuirfear cóip chuig Déan ábhartha an Choláiste agus/nó Oifigigh na hOllscoile de réir mar a chinnfidh an Bord Achomhairc is cuí. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Bhoird Achomhairc.

Féadfar cinneadh a dhéanamh ag cruinniú den Bhord Achomhairc a thionólfar mar is cuí fiú má bhíonn aon bhall as láthair.

## 4.2 Aguisín 2: Nósanna Imeachta Scoile Samplacha

OÉ Gaillimh
NUI Galway

## SCOIL NA hEOLAÍOCHTA POLAITIÚLA & NA SOCHEOLAÍOCHTA M.A. SOCIAL WORK

### Painéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh (FPP)

1. **Réamhrá:**

Maidir le seachadadh clár gairmiúil agus creidiúnaithe a bhfuil cleachtas le húsáideoirí seirbhíse/grúpaí cliant i gceist leo, agus a ndéantar measúnú díreach ar an gcleachtas sin, tá freagracht ar an ollscoil a chinntiú go meastar na mic léinn a bheith inniúil i dtaca le cleachtadh. Tá freagracht uirthi chomh maith, a mhéid agus is féidir nuair atá oiliúint ghairmiúil agus chleachtas-bhunaithe á cur ar fáil aici, polasaithe a bheith i bhfeidhm aici a chinntíonn go dtabharfar cosaint do dhaoine leochaileacha agus do leanaí agus go mbeidh siad sábháilte. Is é príomhchuspóir na bpolasaithe Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh a chinntiú go gcosnófar leas an phobail, sábháilteacht an chliaint agus soláthróirí socrúchán. Maidir leis na mic léinn sin atá cláraithe ar chláir ghairmiúla chreidiúnaithe, ar chláir atá le creidiúnú fós agus/nó cláir a mbaineann gné chliniciúil/shocrúcháin leo, éilítear ar na mic léinn sin cloí le cód iompair gairmiúil an chomhlachta chlárúcháin agus leis na cóid infheidhmithe eile atá ábhartha don disciplín. Táthar ag súil chomh maith go mbeidh mic léinn sláintiúil, idir cholainn agus intinn, ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoin gcleachtas gairmiúil go hinniúil.

An Próiseas duine a chur ar aghaidh chuig Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh

Cuirfear duine ar aghaidh chuig Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh (FPP) mar rogha dheiridh tar éis gach iarracht réasúnta eile a bheith déanta chun tacú leis an mac léinn agus/nó aghaidh a bheith tugtha ar an ábhar imní maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh. Tiocfaidh an próiseas trí Stiúrthóir Cúrsa an MA SW i gcomhairle leis na comhaltaí foirne ábhartha. Rachaidh sé ar aghaidh ansin le Ceann Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta a chur ar an eolas.

**Aidhm FPP an Chláir:**

Is ann do FPP an Chláir agus na hOllscoile chun 'inniúlacht i dtaca le cleachtadh' a chinntiú in oideachas mac léinn san obair allamuigh.

Tionóltar painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh nuair a léiríonn múinteoir cleachtaidh nó an Painéal Measúnaithe Cleachtais imní faoi inniúlacht an mhic léinn i dtaca le Cleachtadh.

An cuspóir atá leis an bpainéal an t-ábhar imní atá curtha faoina bhráid a mheas, féachaint an ábhar atá ann a bhaineann le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus ar cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

Ní dhéanann Painéal an Chláir cinntí maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh; is ann dó go sonrach **chun a chinneadh an bhfuil cás le freagairt maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh nach mór é a chur faoi bhráid Phainéal na hOllscoile**.

**Ballraíocht Phainéal Inniúlachta an Chláir i dtaca leis an FPP:**
Maidir le FPP an Chláir:

- Beidh cleachtóirí acadúla agus gníomhaireachta ina mbaill ar feadh tréimhse trí bliana.
- Beidh an Stiúrthóir Cláir ina c(h)athaoirleach.
- Tionólfar é sa chás go dtagann ábhair imní maidir le mac léinn chun cinn i rith socrúcháin faoi mhaoirseacht nó ag céim éigin eile i rith an chláir mhúinte.

Bunófar cinntí maidir le torthaí socrúcháin a bhaineann le 'hinniúlacht i dtaca le cleachtadh' ar na nithe seo a leanas:

- Sampla d'obair an mhic léinn
- Eolas ar na bearta ar tugadh fúthu chun a chinntiú gur tugadh tacaíocht do gach mac léinn ar an socrúchán oibre
- Aon eolas/ábhar breise maidir leis an ábhar imní
- Nuair is cuí, measúnú ar chumas an mhic léinn fianaise a léiriú ar chleachtas inniúil agus ar fhoghlaim ó thaobh luachanna, prionsabail agus eiticí oibre sóisialta de réir chaighdeáin CORU.

Féadfaidh an FPP leas a bhaint as faisnéis a fhaightear ó na foinsí seo a leanas nuair is cuí chun athbhreithniú cothrom a chinntiú:

- Fianaise bhreise ar obair a rinneadh i rith an tsocrúcháin scoile
- Cóipeanna de mhiontuairiscí na gcruinnithe tríthaobhacha
- Agallamh le múinteoir(í) cleachtaidh
- Agallamh leis an mac léinn atá i gceist
- Agallamh leis an Teagascóir
- Agallamh leis an gComhordaitheoir Cleachtais Foghlama
- Agallamh le Stiúrthóir na hOibre Sóisialta
- Agallamh le scrúdaitheoir an PER.
- Tuarascálacha ó shocrúcháin roimhe seo (nuair is gá)

**Cinntí an FPP**

Is féidir leis an FPP na cinntí seo a leanas a dhéanamh:

- Go bhféadfaí déileáil leis an ábhar atá tagtha chun cinn trí ghnáthphróisis measúnaithe agus forchéimnithe an Chláir
- Go mbaineann dóthain imní leis an ábhar gur cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh

**Rannpháirtíocht an Mhic Léinn**

- Tabharfar cuireadh don mhac léinn bualadh leis an bPainéal chun an t-ábhar a phlé, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla
- Tabharfar cead don mhac léinn duine a thabhairt leis/léi mar thacaíocht
- Tabharfar cead don mhac léinn tuairisc a chur faoi bhráid an phainéil
- Coinneofar an mac léinn ar an eolas maidir leis na próisis atá á

leanúint Bealtaine 2014.

**Scoil na nEolaíochtaí Sláinte**

**Polasaí maidir le hInniúlacht**

**i dtaca le Cleachtadh Lúnasa**

**2014**

Tá ceithre dhisciplín i Scoil na nEolaíochtaí Sláinte: Teiripe Shaothair, Cosliacht, Teiripe Urlabhra agus Theanga agus Cothú Sláinte. Cuireann gach disciplín clár fochéime ceithre bliana ar fáil a ullmhaíonn mic léinn do chleachtas gairmiúil mar Theiripeoirí Saothair, Coslianna, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Oibrithe Cúraim Shóisialaigh. Cuireann an disciplín don Chothú Sláinte MA/Dioplóma Iarchéime i gCothú Sláinte ar fáil freisin, ag ullmhú céimithe chun cleachtadh mar speisialtóirí Cothaithe Sláinte.

Is é príomhchuspóir na bpolasaithe Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh a chinntiú go gcosnófar leas an phobail, sábháilteacht an chliaint agus soláthróirí socrúchán. Maidir leis na mic léinn sin atá cláraithe ar na cláir seo éilítear orthu cloí le cód iompair gairmiúil an chomhlachta clárúcháin agus le cóid eile atá ábhartha don disciplín. Áirítear leis seo mí-iompar gairmiúil agus feidhmíocht faoi bhun caighdeáin.

Tá sé mar aidhm le gach clár a chinntiú go meastar mic léinn a bheith inniúil don chleachtadh ina ngairm, ní hamháin le linn dóibh a bheith ar shocrúchán. Áiríonn na cláir lánaimseartha go léir gné chliniciúil nó chleachtais a ndéantar measúnú díreach uirthi le hothair, úsáideoirí seirbhíse nó grúpaí cliant eile.

**Nósanna Imeachta ar leibhéal na nDisciplíní**

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag leibhéal an disciplín chun mic léinn a ullmhú don chleachtas agus chun súil a choinneáil ar shaincheisteanna maidir le hinniúlacht chun cleachtadh.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach clár chun dul i ngleic le drochfheidhmíocht acadúil ar

mhodúil chleachtais. Ach má thagann deacrachtaí chun cinn sa bhreis ar na deacrachtaí ar féidir dul i ngleic leo de ghnáth, eagrófar cruinniú speisialta trípháirteach (mac léinn, Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais, Stiúrthóir Cláir). Ag an gcruinniú seo cuirfear plean feabhsúcháin i bhfeidhm agus déanfar ábhar an phlé, an plean agus na torthaí a chur ar an taifead.

Is é an Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais (PEC) atá freagrach as an taifead seo a choinneáil. Mura bhfuil na torthaí bainte amach laistigh den fhráma ama a aontaíodh, cuirfidh an Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais an mac léinn ar aghaidh chuig an bPainéal Inniúlachta SHS i dtaca le Cleachtadh.

Breathnófar ar cheisteanna a bhaineann le hiompar nó iompraíocht agus duine ar shocrúchán cleachtais i gcomhthéacs Chód Iompair na Mac Léinn agus cuirfear é/í ar aghaidh chuig Coiste Araíonachta na hOllscoile nuair is cuí. Sa chás go mbaineann na nithe go sonrach le hinniúlacht ghairmiúil, déanfaidh an PEC i gcomhairle leis an Stiúrthóir Cláir an duine a chur ar aghaidh chuig an bPainéal Inniúlachta SHS i dtaca le Cleachtadh. Is é an PEC atá freagrach as taifead a choinneáil ar chomhfhreagras agus ar chruinnithe maidir le hábhair den sórt sin.

Moltar go láidir do mhic léinn tinneas ainsealach, lagú nó míchumas a nochtadh don Stiúrthóir Cláir ag tús an chláir nó níos déanaí má thosaíonn sé le linn an chláir. I gcásanna den sórt sin, buailfidh an Stiúrthóir Cláir leis an mac léinn agus, lena c(h)ead, freastalóidh an tOifigeach Míchumais agus/nó an PEC ar an gcruinniú. Beidh sé mar aidhm leis an gcruinniú socruithe réasúnacha a fhiosrú agus a aithint don ghné mhúinte den chlár agus don socrúchán cleachtaidh chun cuidiú leis an mac léinn riachtanais an chláir a chomhlíonadh go dtí an caighdeán ionchais. Ní mór an tOifigeach Míchumais agus/nó an PEC a chur ar an eolas faoi na socruithe comhaontaithe agus ní mór dóibh a bheith in ann tacú leo.

Déanfar inoibritheacht na socruithe a athbhreithniú i gcomhar leis an PEC agus leis an Stiúrthóir Cláir de réir amchlár comhaontaithe. Déanfar gach iarracht tacú leis an mac léinn ina chúrsa staidéir, laistigh de raon an chleachtais ghairmiúil atá sábháilte agus cuí. Sa chás nach leor na socruithe chun tacú leis an mac léinn torthaí foghlama a bhaint amach agus nach bhfuil socruithe breise indéanta agus/nó nuair a bhíonn gach iarracht réasúnach eile déanta ag leibhéal an Disciplín chun tacú leis an mac léinn agus/nó chun dul i ngleic leis na saincheisteanna. maidir le cleachtas, déanfaidh an Stiúrthóir Cláir an cás a chur ar aghaidh chuig an bPainéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh.

**An Painéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh**

I gcás gach cláir, beidh siad seo a leanas ar an bPainéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh (FPP)

- Stiúrthóir an Chláir

- Comhordaitheoir Oideachais Cleachtais (PEC)

- Ceann Disciplín don Disciplín gaolmhar agus
- An Ceann Scoile

An cuspóir atá leis an bpainéal an t-ábhar imní atá curtha faoina bhráid a mheas, féachaint an ábhar atá ann a bhaineann le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus ar cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

Cuirfidh an PEC ar taifead don FPP achoimre ar na bearta a glacadh chun a chinntiú gur tugadh tacaíocht don mhac léinn ar shocrúchán agus aon fhaisnéis/ábhar breise a bhaineann le hábhair imní. Nuair is cuí, cuirfear fianaise ar chleachtas inniúil agus ar fhoghlaim de réir caighdeáin ghairmiúla (agus nuair atá siad ar fáil, CORU) ar fáil. Tabharfar deis don mhac léinn freagra scríofa a thabhairt.

Reáchtálfaidh an FPP agallamh leis an mac léinn bunaithe ar na cáipéisí a chuirtear ar fáil. Tabharfar cead don mhac léinn duine a thabhairt leis/léi mar thacaíocht chuig an agallamh.

**Cinntí an FPP**

Is féidir leis an FPP na cinntí seo a leanas a dhéanamh:

- Go bhféadfaí déileáil leis an ábhar atá tagtha chun cinn trí ghnáthphróiseas measúnaithe agus forchéimnithe an Chláir
- Go mbaineann dóthain imní leis an ábhar gur cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

Coinneofar an mac léinn ar an eolas maidir leis na próisis atá á leanúint.

**Scoil an Altranais agus an**

**Chnáimhseachais, Ollscoil na**

**hÉireann, Gaillimh i gcomhar le**

**Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

**An Cód Iompair**

Caithfidh mic léinn altranais agus chnáimhseachais ardchaighdeán iompraíochta gairmiúla a léiriú i gcleachtas agus ní mór dóibh cloí leis na prionsabail, na luachanna agus na caighdeáin iompair atá leagtha amach i gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (2014). Féach file:///C:/Users/0065731s/Downloads/Code%20of%20Professional%20Conduct%20and%20Ethics%20Dec%202014.pdf Táthar ag súil go mbeidh mic léinn altranais agus chnáimhseachais eolach ar an gCód agus ar na cáipéisí tacaíochta a bhaineann leis. Ba chóir go mbeadh mic léinn ar an eolas freisin faoi ionchais maidir le húsáid na meán sóisialta agus líonrú sóisialta file:///C:/Users/0065731s/Downloads/NMBI%20Social%20Media%20and%20Social%20Networking%20Guidance%20to%20Nurses%20and%20Midwives.pdf (Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, 2013)

Ba chóir go mbeadh na mic léinn eolach ar na cáipéisí seo a leanas:

***Treoir d'Altraí agus do Chnáimhseoirí ar Bhainistíocht Cógas*** (An Bord Altranais, 2007) file:///C:/Users/0065731s/Downloads/GuidanceMedMan_2007.pdf

***Scóip an Chreata Cleachtais Altranais agus Cnáimhseachais*** (An Bord Altranas, 2000) file:///C:/Users/0065731s/Downloads/Scope%20of%20Nursing%20and%20Midwifery%20Practice%20Framework%20April%202000.pdf

Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh cur amach ag mic léinn chnáimhseachais ar na ***Caighdeáin Chleachtais do Chnáimhseoirí*** (Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, 2015) file:///C:/Users/0065731s/Downloads/Practice%20Standards%20for%20Midwives%202015.pdf

Tá mic léinn altranais nó chnáimhseachais a sháraíonn na cóid iompair nó caighdeáin feidhmíochta faoi réir na nósanna imeachta araíonachta a bhaineann le mic léinn in OÉ Gaillimh agus le comhaltaí foirne laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (le linn na tréimhse intéirneachta). Tá na cóid agus na nósanna imeachta ábhartha leagtha amach in Aguisíní 1 agus 2. Nuair is féidir, ní mór aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le hinniúlacht i dtaca le cleachtadh trí ghnáth-thacaíocht agus soláthar tréadach an chláir agus na hollscoile. I gcás saincheisteanna maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh is féidir mac léinn a chur ar aghaidh chuig an bPainéal Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh faoin bPolasaí maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh (Aguisín 3). ***Tabhair faoi deara*** Tá OÉ Gaillimh ag cur an Pholasaí i gcrích faoi láthair agus bainfidh an Polasaí le gach mac léinn nuair a fhoilseofar é.

# Aguisín 1

## Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

## Nósanna Imeachta chun Déileáil le Sáruithe ar Chód na Mac Léinn

## 1.0 Réamhrá

Is iad príomhchuspóirí na hOllscoile eolas agus tuiscint a scaipeadh agus a chur chun cinn trí theagasc, taighde, staidéar agus díospóireacht réasúnach.

Glacann aon mhac léinn a chláraíonn ar chúrsa ar bith san Ollscoil le cuspóirí na hOllscoile agus tugann sé/sí gealltanas, mar dhuine freagrach agus mar bhall de phobal na hOllscoile, go ndéanfaidh sé/sí é/í féin a iompar ar bhealach iomchuí.

Cuireann Cód Iompair na Mac Léinn treoirlínte ar fáil maidir le noirm iompraíochta a thagann le dualgais na mac léinn, ach nuair a bhíonn riachtanais níos sainiúla i bhfeidhm, tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile. http://www.nuigalway.ie/codeofconduct/ Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le Mic Léinn na hOllscoile aon seasamh faoi phribhléid a éileamh maidir le dlí na tíre.

D'fhéadfaí smachtbhannaí a ghearradh ar mhic léinn sa chás go sárófaí an Cód seo nó aon rialachán Ollscoile eile.

## 2.0 Prionsabail Leathana

Go ginearálta, tá an Ollscoil ag súil go n-iompróidh mic léinn iad féin ar bhealach a chinnteoidh gur féidir leis an Ollscoil a cuid oibleagáidí dlíthiúla, reachtúla agus conartha a chomhlíonadh, go gcaitear le gach mac léinn agus le gach comhalta foirne le dínit agus le meas, go n-úsáidtear maoin agus saoráidí uile na hOllscoile mar is iomchuí agus nach ndéanann mic léinn dochar do dhea-chlú na hOllscoile ina ngníomhartha ar an gcampas agus lasmuigh de. Tabharfaidh an Ollscoil aird chuí ar shaoirse cainte an mhic léinn de réir dlí agus ar pholasaithe ábhartha na hOllscoile.

## Cearta agus dualgais na foirne, na mac léinn agus daoine eile

- Tá sé de cheart ag gach mac léinn agus gach comhalta foirne go gcaithfí leo le dínit agus le meas.
- Táthar ag súil go nglacfaidh mic léinn le húdarás fhoireann acadúil agus fhoireann tacaíochta na hOllscoile agus iad i mbun a gcuid dualgas.

## Iompar Acadúil

- Bítear ag súil go dtabharfaidh gach mac léinn faoina c(h)úraimí acadúla go macánta agus go hionraic.
- Comhlíonfaidh gach mac léinn na riachtanais a bhaineann lena c(h)lár acadúil maidir le léachtaí, ranganna praiticiúla, tascanna agus measúnuithe agus comhlíonfaidh sé/sí na rialacháin ar fad a bhaineann leo sin maidir le clárú, táillí, an leabharlann, úsáid áiseanna ríomhaireachta agus rialacháin scrúdaithe a bhaineann leo sin.
- Ní sholáthróidh aon mhac léinn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach maidir lena c(h)uid éachtaí acadúla d'aon pháirtí ná ní choimeádfaidh sé/sí faisnéis ábhartha maidir lena c(h)uid éachtaí acadúla siar ó aon pháirtí.

## Ginearálta

- Caithfidh gach mac léinn é/í féin a iompar ar bhealach a chuireann ar a c(h)umas agus a spreagann daoine le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí oideachais na hOllscoile agus ar bhealach nach gcuireann isteach ar fheidhmiú na hOllscoile.
- Is ar mhaithe le pobal na hOllscoile ar fad é go mbeadh dea-chlú ar an Ollscoil i gcónaí agus, ó tharla go mbíonn seasamh na hOllscoile ag brath orthu siúd a dhéanann ionadaíocht uirthi, tá dualgas ar na mic léinn iad féin a iompar, bídís laistigh nó lasmuigh den Ollscoil, ar bhealach nach dtarraingeoidh droch-cháil ar an Ollscoil.
- Ní mhaítear i gCód Iompair seo na Mac Léinn go bhfuil rialacháin uile na hOllscoile ann. Sa chás go ndéantar rialacháin den sórt sin, déanfar poiblíocht ar a bhfuil iontu agus cuirfear ar fáil do mhic léinn iad trína gcrochadh ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Is ar mhic léinn atá sé a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na rialacháin is infheidhme ag am ar bith. Tá rialacháin i bhfeidhm faoi láthair a chlúdaíonn, i measc rudaí eile, nithe ar nós:

  - Clárú agus athchlárú
  - Cúrsaí agus Scrúduithe a dhéanamh
  - Na nósanna imeachta a bhaineann le torthaí scrúduithe a sheiceáil agus achomharc a dhéanamh
  - Bradaíl
  - Áiseanna éagsúla de chuid na hOllscoile a úsáid
  - Mic Léinn a bheith ag Bunú Clubanna agus Cumann agus ag déanamh Bainistiú Airgid do Chlubanna agus do Chumainn

  Tá freagracht phearsanta ar an mac léinn aonair aird a thabhairt ar an gCód agus tá freagracht ar na hoifigigh ainmnithe chuí i ngrúpaí aitheanta aird a thabhairt ar an gCód.

  Déileálfar le sárú aon cheann de rialacháin na hOllscoile faoin nós imeachta ceadaithe iomchuí de chuid na hOllscoile nó faoin Nós Imeachta Araíonachta mar atá leagtha amach i gCuid 6.0 thíos. Caithfidh gach mac léinn comhoibriú leis na nósanna imeachta araíonachta a leagtar amach thíos. Meastar gur sárú ar Chód Iompair na Mac Léinn é gan comhoibriú nó gan fíneáil a íoc nó gan cloí le smachtbhanna araíonachta a gearradh i leith sárú araíonachta (faoi réir aon cheart achomhairc is infheidhme).

## Úsáid Foirgneamh, Áiseanna agus Trealaimh

- Táthar ag súil go mbeidh meas ag gach mac léinn ar mhaoin, trealamh agus áiseanna na hOllscoile.

## 3.0 Samplaí Sonracha de Sháruithe ar Chód Iompair na Mac Léinn

Gan cur isteach ar a ghinearálta atá an méid atá ráite thuas, seo thíos roinnt samplaí sonracha de sháruithe ar an gCód seo:

- Cosc a chur ar chomhaltaí foirne na hOllscoile, ar ghníomhairí de chuid na hOllscoile nó ar mhic léinn eile a gcuid dualgas a chomhlíonadh.
- Cur isteach ar aon mhac léinn eile agus é/í ag staidéar.
- Aon fhoréigean nó aon bhagairtí foréigin nó aon drochíde, bíodh sin ina híde coirp nó ina híde béil.

- Aon bhulaíocht nó aon chiapadh nó aon idirdhealú bunaithe ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, náisiúntacht nó bunadh eitneach nó náisiúnta, duine a bheith ina bhall de phobal na dtaistealaithe nó claonadh polaitiúil a mheastar atá ag duine nó ceangal a mheastar atá ag duine le páirtí polaitiúil.
- Aon iompraíocht a chuireann leas an duine aonair nó daoine eile i mbaol.
- Ráitis nó líomhaintí dímheasúla a dhéanamh faoi chomhalta foirne nó mac léinn eile i bpearsa nó trí mheáin leictreonacha cosúil le ríomhphost nó láithreán líonraithe shóisialta.
- Séitéireacht, bradaíl (chun tuilleadh eolais a fháil faoi Bhradaíl, féach Cód Cleachtais maidir le Déileáil le Bradaíl) agus cásanna ina gcuireann mac léinn saothar duine eile isteach amhail gurb é/í féin a rinne é nó ina ligeann mac léinn do dhuine eile measúnú nó tasc a dhéanamh dó/di.
- Faisnéis nó cáipéisíocht bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar don Ollscoil nó do thríú páirtí, nó faisnéis ábhartha a choinneáil siar ón Ollscoil nó ó thríú páirtí, le hintinn buntáiste acadúil nó tairbhe nó seirbhís acadúil eile a fháil san éagóir, nó a mbeadh sé de thoradh air go bhfaigheadh mac léinn buntáiste acadúil nó tairbhe nó seirbhís acadúil eile san éagóir.
- Teistiméireachtaí bréagacha acadúla nó gairmiúla a sholáthar nó éilimh bhréige faoi éachtaí acadúla nó gairmiúla a dhéanamh leis an Ollscoil nó le tríú páirtí ar chúis ar bith.
- Taifid nó cáipéisí na hOllscoile a fhalsú nó mí-úsáid a bhaint astu.
- Pearsanú a dhéanamh ar dhaoine eile, laistigh nó lasmuigh den Ollscoil, maidir le gnóthachtálacha nó gradaim acadúla.
- Gur theip ar dhuine, gan míniú réasúnach, gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas a chur i gcrích chun sástacht na Comhairle Acadúla: freastal ar léachtaí; freastal ar ranganna praiticiúla éigeantacha, nó ar sheisiúin saotharlainne, oifig líníochta nó seisiúin chliniciúla; freastal ar ranganna teagaisc; riachtanais a chomhlíonadh d'obair thionscadail, aistí nó cleachtaí eile cúrsa atá leagtha síos.
- Iompar a d'fhéadfadh cur isteach ar theagasc, scrúduithe, staidéar, taighde, nó riaradh na hOllscoile.
- Gan cloí leis na rialacháin a rialaíonn clárú ar an gclár acadúil, freastal ar léachtaí agus ceachtanna éigeantacha eile agus scrúduithe a dhéanamh.
- Gan cloí le rialacháin a rialaíonn an Leabharlann a úsáid.
- Teip cloí le Cód Iompair na Mac Léinn a rialaíonn úsáid áiseanna Ríomhaireachta.
- Diúltú Cárta Aitheantais Mic Léinn a thaispeáint nuair a iarrann comhalta foirne Ollscoile é a thaispeáint. Eisítear Cárta Aitheantais Mic Léinn do gach mac léinn ag an gClárú agus caithfidh sé/sí é a bheith ina s(h)eilbh agus é/í ar thailte na hOllscoile. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar mhac léinn Cárta bailí a thaispeáint le dul isteach sna háiteanna seo a leanas: Hallaí Léachta, Saotharlanna, Seomraí Ríomhaireachta, an Leabharlann, an Bhialann, nó aon chuid d'fhoirgnimh agus de thailte na hOllscoile. Caithfidh sé/sí an Cárta seo a thaispeáint má iarrann aon chomhalta d'fhoireann na hOllscoile air/uirthi é sin a dhéanamh. Iarrtar ar mhic léinn a gCárta Aitheantais Mic Léinn a thaispeáint ag gach scrúdú.
- Gan géilleadh d'aon treoir/treoracha réasúnach(a) ó bhéal nó i scríbhinn, do dhuine aonair nó do ghrúpa a thugann aon fhostaí nó gníomhaire de chuid na hOllscoile agus iad i mbun a ndualgas.
- Aon iompraíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhea-chlú nó do sheasamh na hOllscoile.
- Úsáid meán sóisialta chun imeachtaí sóisialta a bhaineann leis an gcoincheap "Seachtain an Choláiste/Seachtain na nGiobal" a eagrú, tacú leo nó cur leo
- Mí-úsáid alcóil nó substaintí eile ar an gcampas, lena n-áirítear sárú ar na rialacháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ó am go ham a bhaineann le halcól nó substaintí eile a úsáid ar an gcampas.
- Caitheamh tobac i bhfoirgnimh na hOllscoile ag sárú Acht Sláinte Poiblí Tobac 2002, Alt 47 (arna leasú) agus na Rialacháin um Chaitheamh Tobac (Toirmeasc) 2003.

- Dochar a dhéanamh do threalamh sábháilteachta, trealamh múchta dóiteáin, córais slándála nó córais aláraim na hOllscoile.

- Damáiste a dhéanamh d'aon trealamh nó d'aon mhaoin ar leis an Ollscoil nó le haon Chlub nó Cumann é/í, nó do mhaoin phríobháideach ar le ball aonair de phobal na hOllscoile é/í, nó an trealamh nó an mhaoin sin a mhilleadh, a ghoid, úsáid mhíchuí a bhaint as/aisti nó é/í a úsáid gan chead.

## 4.0 An Pobal i gCoitinne

Tugann iompraíocht na mac léinn sa phobal i gcoitinne léargas ar an Ollscoil agus déileálfaidh an Ollscoil le gearáin a dhéanann an pobal leis an Ollscoil maidir le hiompraíocht na mac léinn faoin gCód Iompair seo do Mhic Léinn. Tá sé de dhualgas ar mhic léinn go háirithe iad féin a iompar ar bhealach nach dtarraingeoidh droch-cháil ar an Ollscoil agus iad lasmuigh de limistéar na hOllscoile. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dó, áit chónaithe an mhic léinn agus le linn socrúchán oibre, obair allamuigh nó cleachtas cliniciúil.

Má tá mac léinn ina ábhar d'imscrúdú coiriúil nó má tá imeachtaí coiriúla ar feitheamh aige/aici ina choinne nó má fhaightear amach go bhfuil cion coiriúil déanta aige/aici, féadfaidh an Ollscoil nós imeachta araíonachta a thionscnamh, dul ar aghaidh leis agus/nó a chur ar fionraí mar is cuí di. I gcúinsí den sórt sin, féadfaidh an Ollscoil freisin an mac léinn a chur ar fionraí de réir an nós imeachta atá leagtha síos ag 6.3 thíos ag brath ar thoradh an phróisis choiriúil agus/nó an nós imeachta araíonachta.

## 5.0 Na hÚdaráis Araíonachta

***Údarás Ainmnithe:***
Tugann an Ollscoil údarás ó lá go lá do chomhaltaí foirne áirithe chun déileáil le hord agus smacht a choinneáil ina sainréimsí oibríochtúla, e.g. Cinn Feidhmeanna, Foireann Slándála etc. Is Údarás Ainmnithe gach duine díobh sin chun ord a choinneáil go ginearálta san Ollscoil agus chun críocha an Chóid seo.

***Oifigeach Araíonachta:***
Beidh Oifigeach Araíonachta ann, a bheidh ceaptha ag an Uachtarán ó am go ham, a mbeidh sé mar fheidhm aige/aici déileáil go hachomair le sáruithe ar an gCód a thabharfar os a c(h)omhair nó an t-ábhar a chur ar aghaidh chuig Coiste Araíonachta na hOllscoile.

***An Coiste Araíonachta:***
Beidh Coiste Araíonachta ann a mbeidh sé mar fheidhm aige déileáil le haon nithe a chuireann an tOifigeach Araíonachta ar aghaidh chuige agus gníomhú mar bhord achomhairc i leith achomharc a dhéanfar i gcoinne chinneadh an Oifigigh Araíonachta nó údaráis ainmnithe i ndáil le hábhar atá clúdaithe ag rialacha nó rialacháin eile na hOllscoile. Beidh cinneadh an Choiste Araíonachta críochnaitheach agus é ag gníomhú mar bhord achomhairc.

***An Bord Achomhairc:***
Beidh Bord Achomhairc ann a mbeidh sé mar fheidhm aige déileáil le hachomhairc i gcoinne chinntí an Choiste Araíonachta nuair nach mbeidh an Coiste Araíonachta féin ag gníomhú mar bhord achomhairc.

***Ballraíocht***
Ainmneoidh an Chomhairle Acadúil ar feadh tréimhse ceithre bliana painéal de dháréag, ag cinntiú go

bhfuil

i measc bhallraíocht an phainéil dóthain ball atá in ann cás a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Déanfaidh an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí ainmniúcháin ón bpainéal seo ar an gCoiste Araíonachta agus ar an mBord Achomhairc agus is gnách go mbeidh na hainmnithe sin in oifig ar feadh ceithre bliana.

Mar seo a leanas a bheidh ballraíocht an Choiste Araíonachta:

- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán.
- Triúr ball de Chomhaltas na Mac Léinn, arna n-ainmniú ag Comhaltas na Mac Léinn.
- Triúr arna roghnú ag an Meabhránaí & Uachtarán Ionaid ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil.
- Seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an mBord Achomhairc ó thaobh ballraíochta de:
- Cathaoirleach, arna cheapadh ag an Uachtarán.
- Beirt arna roghnú ag an Uachtarán Ionaid & Meabhránaí, ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil.
- Beirt bhall de Chomhaltas na Mac Léinn, arna n-ainmniú ag Comhaltas na Mac Léinn.
- Ball seachtrach d'Údarás na hOllscoile, arna cheapadh ag an Uachtarán.

Sa chás nach bhfuil Cathaoirleach an Choiste Araíonachta nó an Bhoird Achomhairc in ann cás a stiúradh trí mheán na Gaeilge, ceapfaidh an tUachtarán cathaoirleach chun críocha cás ar leith a éisteacht trí mheán na Gaeilge. Má chinntear go bhfuil baint ag Cathaoirleach an Choiste Araíonachta nó an Bhoird Achomhairc le haon ghné den chás atá faoi athbhreithniú, ainmneoidh an tUachtarán Cathaoirleach ad hoc as measc bhaill na Comhairle Acadúla.

Sa chás nach bhfuil ainmní na Comhairle Acadúla ar an gCoiste Araíonachta nó ar an mBord Achomhairc in ann cás a stiúradh trí mheán na Gaeilge, ceapfaidh an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí duine den phainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil chun cás ar leith a éisteacht trí mheán na Gaeilge.

Sa chás nach bhfuil ionadaí Chomhaltas na Mac Léinn ar an gCoiste Araíonachta nó ar an mBord Achomhairc in ann cás a stiúradh trí mheán na Gaeilge, ceapfaidh Comhaltas na Mac Léinn ionadaí chun críocha cás ar leith a éisteacht trí mheán na Gaeilge.

Ní bheidh aon duine atá ina g(h)earánach nó ina c(h)osantóir i gcás sárú líomhnaithe i dteideal gníomhú mar bhall d'aon cheann de na comhlachtaí a dhéileálann leis an gcás sin. I gcásanna den sórt sin ainmneoidh Comhaltas na Mac Léinn nó an tUachtarán Ionaid & Meabhránaí duine eile ó Chomhaltas na Mac Léinn nó ón bpainéal a ainmneoidh an Chomhairle Acadúil de réir mar is cuí.

Ní fhéadfaidh duine a bheith ina b(h)all den Choiste Araíonachta agus den Bhord Achomhairc ag an am céanna. Beidh baill ainmnithe nó cheaptha den Choiste Araíonachta agus den Bhord Achomhairc, seachas na baill a ainmneoidh Comhaltas na Mac Léinn, i seilbh oifige ar feadh ceithre bliana nó ar feadh an chuid eile de théarma an phainéil i gcás go gceapfar duine ar an bpainéal mar ionadaí.

Beidh baill ainmnithe ag Comhaltas na Mac Léinn in oifig ar feadh bliana de ghnáth, ach ní bheidh aon bhac ar na baill sin a athcheapadh.

## 6.0 Nós Imeachta Araíonachta

Tá sé de chumhacht ag Údarás Ainmnithe cionta líomhnaithe a fhiosrú ina réimse iomchuí agus torthaí an fhiosraithe a chur ar fáil. Faoi réir achomhairc, mar a leagtar amach thíos, is cinntí críochnaitheacha a bheidh i gcinntí an Údaráis. Féadfaidh Údarás Ainmnithe an cion líomhnaithe a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Araíonachta nó díreach chuig an gCoiste Araíonachta más rud é, i dtuairim an Údaráis Ainmnithe, go mbeadh sé níos oiriúnaí dá ndéanfadh na húdaráis eile sin an t-ábhar a mheas, mar gheall ar a thromchúisí atá sé nó mar gheall ar an gcineál ábhair atá ann.

Déanfar gearáin seachas iad siúd a ndéileálann Údarás Ainmnithe leo ar bhealach níos oiriúnaí don Oifigeach Araíonachta. Féadfaidh an tOifigeach Araíonachta an t-ábhar a chur faoi bhráid Údarás Ainmnithe nó an Choiste Araíonachta láithreach má mheasann an tOifigeach Araíonachta go ndéanfadh Údarás Ainmnithe nó an Coiste Araíonachta breithniú ar an gcúiseamh mar gheall ar a thromchúisí nó a nádúr nó féadfaidh sé/sí déileáil leis an ábhar faoin Nós Imeachta Achomair atá leagtha amach thíos.

Féadfaidh an gearánach/na gearánaigh agus an mac léinn/na mic léinn a bhfuil líomhaintí curtha ina leith, a bheith i láthair ag aon éisteacht i ndáil leis na cionta a líomhnaítear a tharla. Ag aon éisteacht beidh an mac léinn/na mic léinn a bhfuil líomhaintí curtha ina leith i dteideal cara a bheith leo agus cúnamh a thabhairt dóibh.

## 6.1 Nós Imeachta Achoimre

Déanfaidh an tOifigeach Araíonachta réamh-imscrúdú ar aon ghearán a dhéanfar chuige/chuici. Socróidh sé/sí, a luaithe is indéanta, cruinniú leis an mac léinn/na mic léinn a bhfuil an gearán á dhéanamh ina leith chun an cás a bhreithniú, idirghníomhú leis na mic léinn agus teacht ar thuairim maidir le tromchúis an cháis agus más cuí dul ar aghaidh go dtí cinneadh. Beidh an ceart ag an mac léinn cara1 a bheith leis/léi ag an gcruinniú. Cuirfidh an tOifigeach Araíonachta in iúl don mhac léinn/na mic léinn go bhfuil sé/sí/siad faoi agallamh faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCód Iompair na Mac Léinn. Míneoidh an tOifigeach Araíonachta freisin go bhfuil sé de cheart ag an mac léinn an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Araíonachta go díreach le breithniú a dhéanamh air ag am ar bith le linn an chruinnithe. Ní mór don Oifigeach Araíonachta a dheimhniú go dtuigeann an mac léinn/na mic léinn an próiseas agus go bhfuil sé/sí/siad sásta leanúint ar aghaidh.

Mura bhfreastalaíonn an mac léinn/na mic léinn a bhfuil gearán déanta faoi/fúithi/fúthu ar an gcruinniú, gan cúis réasúnach, beidh an Cód á shárú aige/aici/acu agus féadfaidh an tOifigeach Araíonachta cinneadh a dhéanamh agus é/í/iad as láthair.

Má mheasann an tOifigeach Araíonachta go bhfuil gá leis, féadfar an gearánaí/na gearánaigh a thabhairt chuig an gcruinniú chun fianaise a thabhairt. Má theipeann air/uirthi/orthu freastal ar an gcruinniú, gan cúis mhaith, ní rachaidh an tOifigeach Araíonachta ar aghaidh leis an ábhar, agus féachfaidh sé/sí ar an líomhain a rinneadh a bheith tarraingthe siar.

Tá sé de rogha ag an Oifigeach Araíonachta iarraidh ar Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn

freastal ar aon chruinnithe i gcáil breathnadóireachta.

Iarrfaidh an tOifigeach Araíonachta ar an mac léinn/na mic léinn glacadh leis an gcúiseamh nó diúltú dó agus tairgfidh sé/sí breithniú a dhéanamh ar cibé aighneacht is cuí leis an mac léinn/na mic léinn a dhéanamh maidir leis an gcúiseamh. Sa chás go mbíonn sé dodhéanta don Oifigeach Araíonachta cruinniú a eagrú leis an mac léinn, míneoidh an tOifigeach Araíonachta cearta an mhic léinn nó na mac léinn ar an teileafón nó mura ndéantar é sin trí ríomhphost nó trí litir chláraithe.

Cinnfidh an tOifigeach Araíonachta cé acu a sheasfaidh nó nach seasfaidh an gearán.

Féadfaidh an tOifigeach Araíonachta, i gcás go seastar leis an ngearán, na pionóis seo a leanas a ghearradh:

- An gearán a dhiúltú.
- Rabhadh ó bhéal a thabhairt.
- Seachas i gcásanna bradaíola nó séitéireachta, fíneáil a ghearradh nach mó ná 5% den táille bhliantúil don chéad bhliain sna Dána ag an am. Féadfaidh an tOifigeach Araíonachta a éileamh ar an mac léinn/na mic léinn go ndéanfadh sé/sí/siad ranníocaíocht i leith an chostais a bhaineann le haon damáiste nó le haon chaillteanas a rinneadh a chur ina cheart, go hiomlán nó go páirteach.
- An t-ábhar a chur faoi bhráid an Choiste Araíonachta i scríbhinn, gan aon chinneadh a dhéanamh i dtaobh ciontachta, i gcás ina measann an tOifigeach Araíonachta gurbh fhearr an cúiseamh mar gheall ar a thromchúisí nó a nádúir a bheith breithnithe ag an gCoiste Araíonachta.
- I gcás inar gá sin mar gheall ar thromchúis an ábhair, féadfaidh an tOifigeach Araíonachta iarraidh ar an Uachtarán an mac léinn/na mic léinn a chur ar fionraí ón Ollscoil de réir an nós imeachta atá sainmhínithe ag 6.3 thíos.

Tabharfar toradh na héisteachta don mhac léinn i scríbhinn. Cuirfear an mac léinn/na mic léinn ar an eolas faoin gceart atá aige/aici/acu an cinneadh a achomharc chuig an gCoiste Araíonachta, faoin nós imeachta chun achomharc a dhéanamh agus an teorainn ama a bhaineann le hachomharc a dhéanamh.

Féadfaidh an mac léinn/na mic léinn, roimh nó le linn an chruinnithe leis an Oifigeach Araíonachta, a iarraidh go gcuirfí an cheist faoi bhráid an Choiste Araíonachta lena bhreithniú.

I gcás inar dealraitheach go mbaineann beirt mhac léinn nó níos mó le sárú líomhnaithe araíonachta, féadfar na mic léinn sin a chúiseamh agus a éisteacht le chéile.

## 6.2 Éisteacht an Choiste Araíonachta

Sa chás go gcuirtear gearán faoi bhráid an Choiste Araíonachta déanfaidh Rúnaí an Choiste Araíonachta an mac léinn/na mic léinn a bhfuil an gearán déanta ina leith a ghairm chuig cruinniú den Choiste Araíonachta. Mura bhfreastalaíonn an mac léinn/na mic léinn gan cúis réasúnach, beidh an Cód á shárú aige/aici/acu agus féadfaidh an Coiste Araíonachta cinneadh a dhéanamh agus é/í/iad as láthair.

Iarrfar ar an ngearánach/na gearánaigh an cás a chur i láthair an Choiste Araíonachta. Mura bhfreastalaíonn an gearánaí/na gearánaigh ar an gcruinniú, gan cúis réasúnach, ní ghabhfaidh an Coiste níos faide leis an gcás agus measfar go bhfuil an líomhain a rinneadh tarraingthe siar.

Iarrfar ar an mac léinn/na mic léinn an cion líomhnaithe a admháil nó a shéanadh. Má admhaíonn an mac léinn/na mic léinn go bhfuil bunús an chúisimh nó an ghearáin fíor, ní bheidh gá don ghearánach/do na gearánaigh fianaise a thabhairt, ach féadfaidh an dá pháirtí cibé aighneachtaí ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh agus is mian leo maidir leis an bpionós.

Má dhiúltaíonn an mac léinn/na mic léinn an cúiseamh líomhnaithe, beidh an nós imeachta ina dhiaidh sin cothrom agus réasúnach ag féachaint do chineál an chiona agus do na pionóis atá leagtha síos sa Chód seo.

Comhlíonfar na cleachtais seo a leanas go háirithe:

a) Éistfear leis an bhfianaise ar fad i láthair an ghearánaí/na ngearánach agus an mhic léinn/na mac léinn a bhféadfaidh cara a bheith in éineacht leis/léi/leo ag an éisteacht. Tabharfar deis don mhac léinn/do na mic léinn aon duine a ghlaonn an gearánach/na gearánaigh a cheistiú agus féadfaidh siadsan aon duine a ghlaonn an mac léinn/na mic léinn a cheistiú.
b) Tabharfar deis don mhac léinn/do na mic léinn: fianaise a thairiscint; glaoch ar aon duine de réir mar is mian leis/léi chun fianaise tacaíochta a sholáthar; agus cibé cáipéisí a bhaineann leis na saincheisteanna a sholáthar.
c) Tabharfar deis don ghearánach/do na gearánaigh agus don mhac léinn/do na mic léinn aighneachtaí a dhéanamh tar éis fianaise a thabhairt lena n-áirítear ionadaíocht maidir leis an bpionós i gcás ina gcinnfidh an Coiste Araíonachta go bhfuil an cúiseamh cruthaithe i gcoinne an mhic léinn.
d) Déanfaidh an Coiste an cás a phlé nuair nach mbeidh an gearánach/na gearánaigh ná an mac léinn/na mic léinn i láthair agus beidh sé i dteideal comhairle dlí a lorg ar aon ábhar dlí a thiocfaidh chun cinn le linn na n-imeachtaí.

Tabharfar cinneadh an Choiste Achomhairc i scríbhinn don mhac léinn/do na mic léinn agus cuirfear cóip chuig Déan ábhartha an Choláiste agus/nó Oifigigh na hOllscoile de réir mar a chinnfidh an Coiste Achomhairc is cuí. Beidh cinneadh an Choiste Araíonachta críochnaitheach agus é ag gníomhú mar bhord achomhairc. Más cuí, cuirfear an mac léinn/na mic léinn ar an eolas faoin gceart atá aige/aici/acu achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc, faoin nós imeachta chun achomharc a dhéanamh agus faoin teorainn ama a bhaineann le hachomharc a dhéanamh.

Is féidir le mac léinn/mic léinn ar bith atá lasmuigh d'Éirinn faoi láthair iarraidh ar an gCoiste Araíonachta éisteacht nach gcuirtear i láthair ó bhéal den Choiste Araíonachta a shocrú más mian leis an mac léinn/na mic léinn an gá atá le taisteal go Gaillimh chun freastal ar éisteacht ó bhéal a sheachaint. Déanfaidh Cathaoirleach an Choiste Araíonachta é seo a mheas agus sa chás ina gcinneann an Cathaoirleach iarratas den sórt sin a cheadú, tabharfar Coiste Araíonachta le chéile chun an líomhain/na líomhaintí i gcoinne an mhic léinn/na mac léinn a bhreithniú ar bhonn aighneachtaí i scríbhinn ón ngearánach/ó na gearánaigh, ón mac léinn/ó na mic léinn agus ó pháirtithe cuí eile. Tabharfar deis don mhac léinn/do na mic léinn agus don ghearánach/do na gearánaigh freagra a thabhairt ar aighneachtaí an duine eile sula dtagann an Coiste le chéile.

Féadfaidh cruinniú den Choiste Araíonachta a thionólfar mar is cuí dul ar aghaidh fiú má bhíonn aon bha(i)ll as láthair.

## 6.3 An Próiseas Achomhairc

Ní fhéadfaidh ach an mac léinn a bhfuil an cinneadh déanta ina choinne achomharc a dhéanamh in

aghaidh an chinnidh agus/nó an phionóis a gearradh. Ní mór an t-achomharc a dhéanamh chuig Cathaoirleach an Bhoird Achomhairc, trí Rúnaí an Bhoird Achomhairc, laistigh de choicís ó dháta eisiúna chinneadh an Choiste Araíonachta agus cuirfidh an t-achomharcóir faoi bhráid Rúnaí an Bhoird Achomhairc, i scríbhinn, na forais achomhairc.

Is é dáta eisiúna an chinnidh sin an dáta a seolfar an cinneadh chuig seoladh an mhic léinn mar atá ar thaifead na mac léinn san Ollscoil, nó an dáta a dtabharfar an cinneadh sin don mhac léinn.

Tabharfar cóip d'fhorais achomhairc an achomharcóra lena n-áirítear aighneacht an achomharcóra, más ann dó, don Bhord Achomhairc agus tabharfar cóip do Chathaoirleach an Choiste Araíonachta nó, más achomharc in aghaidh chinneadh an Oifigigh Araíonachta atá san achomharc, chuig an Oifigeach Araíonachta agus iarrfar ar an oifigeach freagra i scríbhinn a thabhairt.

Tá sé de cheart ag an mac léinn aighneacht ó bhéal a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc. Féadfaidh an Bord Achomhairc, dá rogha féin, agus ar mhaithe leis an gceartas, aon fhianaise bhreise a bhreithniú nó éisteacht le haon duine eile de réir mar is cuí leis.

Más rud é i dtuairim an Bhoird Achomhairc gur gá de réir an cheartais, féadfaidh an Bord fianaise nár cuireadh ar fáil ag an éisteacht os comhair an Choiste Araíonachta a bhreithniú ach ar choinníoll i gcónaí gur cuireadh in iúl don mhac léinn/don ghearánach, de réir mar a bheidh, an rún fianaise úr den sórt sin a thabhairt ar aird, agus dóthain ama a thabhairt don mhac léinn/don ghearánach an fhianaise úr a bhreithniú i gceart agus déileáil léi go cuí ag éisteacht an achomhairc.

Féadfaidh an Bord Achomhairc an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. an t-achomharc a cheadú;
ii. an pionós a laghdú nó a mhéadú, nó cineál an phionóis a athrú;
iii. Diúltú don achomharc.

Tabharfar cinneadh an Bhoird Achomhairc i scríbhinn don mhac léinn agus don ghearánach agus cuirfear cóip chuig Déan ábhartha an Choláiste agus/nó Oifigigh na hOllscoile de réir mar a chinnfidh an Bord Achomhairc is cuí. Is cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh an Bhoird Achomhairc.

Féadfar cinneadh a dhéanamh ag cruinniú den Bhord Achomhairc a thionólfar mar is cuí fiú má bhíonn aon bhall as láthair.

## 6.4 Eisiamh ón Uachtarán

Tá sé de cheart ag an Uachtarán aon mhac léinn a eisiamh go dtí an chéad chruinniú eile den Chomhairle Acadúil agus féadfaidh sé/sí an ceart sin a agairt dá rogha féin amháin. Mura bhfuil na nósanna imeachta araíonachta tionscanta cheana féin cuirfear tús leo a luaithe is indéanta tar éis don Uachtarán eisiamh a dhéanamh. Sa chás go mbeidh mac léinn coinnithe amuigh ag an Uachtarán, beidh cumhacht ag an gComhairle Acadúil an mac léinn a choinneáil amuigh go mbeidh an Coiste Araíonachta, nó slí éigin eile, in ann déileáil leis.

Ciallaíonn eisiamh inter alia nach mbeidh cead ag an mac léinn leas a bhaint as aon léachtaí, cúrsaí, áiseanna nó seirbhísí de chuid na hOllscoile ar feadh thréimhse an eisiaimh. Níl cead rochtana ag an mac léinn atá eisiata ar mhaoin na hOllscoile ach amháin chun freastal ar aon éisteacht de chuid an Choiste Araíonachta nó an Bhoird Achomhairc.

## 7.0 Smachtbhannaí

Má chruthaítear go ndearnadh sárú ar an gCód tar éis próis chuí, féadfar aon cheann amháin nó níos mó de na pionóis seo a leanas a ghearradh:

- Iomardú (iomardú foirmiúil, le rabhadh go gcuirfear an sárú reatha san áireamh má chinnfear go mbeidh sárú eile déanta ar an gCód ina dhiaidh sin).
- Fíneáil (iníoctha faoin bpionós fionraíochta breise, a chinnfidh an comhlacht cuí) ach amháin i gcásanna bradaíola nó caimiléireachta.
- Pionós Acadúil amhail marc nialasach a bhronnadh ar an obair a chuirtear i láthair.
- Diúltú duine a ligean isteach i scrúdú ainmnithe de chuid OÉ Gaillimh ar feadh tréimhse shonraithe.
- Fionraí ón Ollscoil ar feadh tréimhse áirithe nó go gcuirfear cosc leis/léi/leo páirt a ghlacadh in imeachtaí áirithe go mbeidh na riachtanais leagtha síos comhlíonta aige/aici/acu.
- Tarraingt siar ón Ollscoil go buan nó ar feadh tréimhse a luafar.
- Díbirt i.e. go mbeidh a (h)ainm/n-ainmneacha scriosta de leabhair na hOllscoile agus go gcoinneofar amach as áitreabh na hOllscoile é/í/iad as sin amach.
- Féadfaidh an comhlacht cuí, fiú má bhíonn an líomhain cruthaithe, gan pionós a ghearradh agus scaoileadh leis an duine go hiomlán nó go coinníollach.
- Chomh maith le haon phionós nó scaoileadh, féadfar ordú a dhéanamh lena gcaithfear fiach, damáiste nó cúiteamh a íoc faoin bpionós breise duine a chur ar fionraí nó a dhíbirt.

## 8.0 Athbhreithniú

Déanfar an Cód seo a athbhreithniú gach cúig bliana ar a laghad ón dáta a gcuirfear i bhfeidhm é, ach d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh air amanna eile ar chinneadh na Comhairle Acadúla nó ar iarratas ó Chomhaltas na Mac Léinn, le cead ón gComhairle Acadúil. Déanfaidh Coiste aon athbhreithniú den chineál sin le ballraíocht chothrom ón gComhairle Acadúil agus ó Chomhaltas na Mac Léinn agus an tUachtarán nó a (h)ainmní mar Chathaoirleach.

# Aguisín 2

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – An tIarthar

## Nós Imeachta Araíonachta

**Nós Imeachta Araíonachta FSS**

Prionsabail Ghinearálta

(i) Tá sé de cheart ag fostaí/mac léinn altranais/mac léinn cnáimhseachais a gcuirtear an nós imeachta araíonachta i bhfeidhm air/uirthi freagra a thabhairt agus ionadaíocht a fháil.
(ii) Tabharfar fógra roimh ré d'fhostaí faoi chruinniú araíonachta agus sonraí faoi na sáruithe ar chóid iompair nó ar chaighdeáin feidhmíochta atá i gceist.
(iii) Tá sé de cheart ag fostaí éagóirithe ag aon bheart araíonachta achomharc a dhéanamh chuig an gcéad leibhéal údaráis is airde eile agus ar deireadh chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus chuig an Aire Sláinte agus Leanaí. Ba cheart gach achomharc a dhéanamh laistigh de sheacht lá ón bhfógra maidir le gníomh araíonachta beartaithe a bheith tugtha don fhostaí lena mbaineann.
(iv) Ní bhainfidh aon ní sa nós imeachta seo ó chumhachtaí ná ó dhualgais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, dá bhforáiltear faoi Chuid II den Acht Sláinte, 1970.

Is féidir caighdeáin mhaithe iompair agus feidhmíochta a bhaint amach trí fhostaithe a bheith ar an eolas faoi na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo, trí nós imeachta a úsáid chun a chinntiú go gcloítear leis na caighdeáin seo, agus trí mhodh cothrom a sholáthar chun déileáil le haon teip na caighdeáin seo a chomhlíonadh.

Baineann an nós imeachta, a leagtar amach thíos, le haon fhostaí a sháraíonn na cóid iompair nó na caighdeáin feidhmíochta a nglactar leo. Tá sé ríthábhachtach, mar sin, go mbeadh a fhios ag fostaithe cad iad na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo uathu:

**Caighdeáin Oibre:**

Ní mór do mhaoirseoirí riachtanais phoist agus caighdeáin feidhmíochta a shainiú go soiléir.

**Iompar:**

Ní mór fostaithe a chur ar an eolas faoi na rialacha agus na rialacháin a bhaineann le coimeád ama, gan bheith in ann freastal mar gheall ar bhreoiteacht, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, rúndacht, etc.

**Mí-iompar Tromchúiseach:**

Ba cheart go mbeadh fostaithe ar an eolas faoi na sáruithe iompair sin ar leor iad le fionraíocht nó dífhostú gan dul i muinín céimeanna eile den nós imeachta araíonachta. Ina measc seo bheadh:

- Ionsaí fisiciúil nó foréigean
- Goid
- Mí-úsáid/scriosadh mhaoin an Bhoird
- Faoi thionchar alcóil nó aon substainte mídhleathaí agus duine ar dualgas
- Aon tuarascálacha nó taifid a fhalsú
- Calaois

- Iompraíocht gháirsiúil nó gnéaschiapadh
- Cur isteach ar chártaí clogála fostaithe
- Dul i mbun fostaíochta le pá agus duine as láthair ón obair ar shaoire bhreoiteachta, is cuma má tá an neamhláithreacht clúdaithe ag teastas dochtúra.
  ***Ní liosta iomlán é seo.***

**Sáruithe ar Chaighdeáin/Rialacha (seachas mí-iompar tromchúiseach):**

Is mian le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarracht a dhéanamh ar dtús fadhbanna a réiteach ar mhodh neamhfhoirmiúil. Chuige sin, cuirfidh an maoirseoir an fostaí ar an eolas faoi aon fheidhmíocht oibre nó iompar míshásúil agus pléifidh sé/sí na feabhsuithe is gá leis/léi. Má leanann an fostaí ar aghaidh ag teip na caighdeáin riachtanacha oibre/iompar a bhaint amach, cuirfear an nós imeachta araíonachta i bhfeidhm. Cuimsíonn an nós imeachta araíonachta na céimeanna seo a leanas:

**Céim 1: Rabhadh ó Bhéal**

Buailfidh an maoirseoir/ceann roinne leis an bhfostaí agus lena (h)ionadaí chun a chur in iúl dó/di go bhfuil an nós imeachta araíonachta á úsáid anois agus chun an rabhadh a eisiúint. Cuirfidh an rabhadh ó bhéal in iúl go soiléir don fhostaí an caighdeán/iompar atá ag teip air/uirthi a bhaint amach agus má leanann ar aghaidh go bhféadfadh tuilleadh beart araíonachta a bheith mar thoradh air. Ag an gcéim seo, leagfar béim ar a fháil amach cén fáth a bhfuil ag teip ar an bhfostaí an caighdeán riachtanach a bhaint amach agus ar chabhrú leis an bhfostaí a chinneadh conas is féidir leis/léi a leithéid a chosc. Cuirfear in iúl don fhostaí go gcuirfear taifead den rabhadh ar a c(h)omhad. Ag brath ar sheirbhís shásúil, ní bheidh éifeacht ag rabhadh ó bhéal tar éis 6 mhí agus bainfear é de chomhad an fhostaí.

**Céim 2: Rabhadh Scríofa**

Mura dtagann feabhas leordhóthanach ón rabhadh ó bhéal nó má sháraítear rialacha arís, beidh cruinniú eile leis an bhfostaí agus a (h)ionadaí, agus leagfar amach a t(h)eip feabhsú mar thoradh ar an rabhadh ó bhéal. Déanfar fíricí an cháis agus freagra an fhostaí a thaifeadadh. Eiseofar litir rabhaidh chuig an bhfostaí ansin ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:

- Fíricí maidir leis an mí-iompar nó caighdeáin oibre nár baineadh amach;
- Polasaí an Bhoird ar an riail a sáraíodh nó na caighdeáin nár baineadh amach.
- Plé roimhe seo.
- Má dhéantar tagairt don fhíric gur gníomh araíonachta atá sa rabhadh i scríbhinn agus mura mbaintear na caighdeáin riachtanacha amach déanfar gníomh araíonachta breise.

Tarraingeoidh an rabhadh scríofa aird an fhostaí freisin ar an bhfíric go bhfuil a p(h)ost i mbaol mura dtagann feabhas ar a (h)iompar nó ar a f(h)eidhmíocht. Seolfar cóip den rabhadh scríofa chuig ionadaí an fhostaí agus cuirfear cóip ar chomhad an fhostaí. Faoi réir seirbhís shásúil, scoirfidh rabhadh scríofa d'éifeacht a bheith aige tar éis bliana agus bainfear é de chomhad an fhostaí.

**Céim 3: Rabhadh Deiridh Scríofa**

Mura bhfuil feabhas ar bith ar iompar nó ar fheidhmíocht oibre an fhostaí, tabharfar rabhadh deiridh scríofa dó/di a léireoidh go bhféadfaí a f(h)ostaíocht a chur ar fionraí nó deireadh a chur léi mura dtagann feabhas ar iompar/feidhmíocht (nó má tá sárú eile ar rialacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte). Tionólfar cruinniú idir an bhainistíocht líne áitiúil, an fostaí agus a (h)ionadaí agus leagfar amach teip leanúnach an fhostaí na caighdeáin riachtanacha oibre/iompair a chomhlíonadh. Cuirfear in iúl don fhostaí ansin go bhfuil rabhadh deiridh scríofa á thabhairt dó/di ag rá go bhféadfadh fionraí nó dífhostú a bheith mar thoradh ar aon teip eile na caighdeáin riachtanacha a bhaint amach nó sáruithe breise ar rialacha an Bhoird. Taifeadfar sonraí an chruinnithe agus cuirfear nóta i gcomhad an fhostaí. Ag brath ar sheirbhís shásúil, ní bheidh feidhm le rabhadh deiridh scríofa tar éis dhá bhliain agus bainfear de chomhad an fhostaí é.

Más rud é, tar éis don rabhadh deiridh scríofa a bheith tugtha, nach bhfuil aon fheabhas tarlaithe nó go bhfuil sáruithe breise ar na rialacha, ullmhóidh an pearsanra ábhartha tuarascáil chuimsitheach ar fhíorais an cháis ionas gur féidir beart iomchuí a dhéanamh, agus cuirfear an ardbhainistíocht ar an eolas dá réir.

**Céim 4: Mí-iompar Tromchúiseach**

I gcásanna tromchúiseacha de mhí-iompar líomhnaithe, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

(i) Ullmhóidh an maoirseoir atá ar dualgas tuarascáil chuimsitheach láithreach ar an mí-iompar líomhnaithe, agus tabharfar faoi deara an dáta, an t-am agus ainmneacha na bhfinnéithe. Nuair is féidir, iarrfar ar fhinnéithe a leagan féin den eachtra líomhnaithe a scríobh amach. Cuirfear ardbhainistíocht ar an eolas faoina bhfuil líomhnaithe.

(ii) Is féidir fostaí a stopadh ag obair le pá sa chás go bhfuil an cion líomhnaithe thar a bheith tromchúiseach, agus go bhfuil am ag teastáil chun imscrúdú ceart a dhéanamh agus chun nósanna imeachta comhaontaithe araíonachta a chur i bhfeidhm. Coinneofar fostaí ar an eolas fad atáthar ag fanacht le toradh an imscrúdaithe, faoin dul chun cinn agus tabharfar an deis is luaithe is féidir dó/di a c(h)uid den scéal a chur chun cinn.

(iii) I ngach cás a bhaineann le líomhaintí de mhí-iompar tromchúiseach, déanfar imscrúdú críochnúil agus oscailte ar an gcion líomhnaithe. Ar chríochnú an imscrúdaithe seo, iarrfar ar an bhfostaí agus ar a (h)ionadaí freastal ar chruinniú leis an mbainistíocht ionas gur féidir fíricí an chiona líomhnaithe a chur faoi bhráid an fhostaí, agus tabharfar deis dó/di freagra a thabhairt. Cuirfear cuspóir an agallaimh, cineál an chiona líomhnaithe in iúl don fhostaí roimh ré agus tabharfar dóthain fógra dó/di faoin am agus faoin áit chun freagra a ullmhú.

Má chinneann an Maoirseoir gur cheart gníomh araíonachta a dhéanamh, ba cheart tuairisc ar fhíorais an cháis a chur chuig an mBainisteoir Ginearálta ansin. Sa chás go gcinnfidh an Bainisteoir Ginearálta gur cheart gníomh araíonachta a dhéanamh, cuirfidh sé/sí tuarascáil faoi bhráid an Bhainisteora Réigiúnaigh.

Tar éis don Bhainisteoir Réigiúnach é/í féin a shásamh ar chúinsí an cháis ba chóir dó/di

tuairisc a chur faoi bhráid an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

**Gníomh Araíonachta:**

Sula ndéanfar aon chinneadh gníomh araíonachta a ghlacadh, mar atá leagtha amach thíos, tabharfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin deis don fhostaí agus dá (h)ionadaí cás an fhostaí a dhéanamh. Má chinneann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go bhfuil an gníomh araíonachta cuí, cuirfear ceann de na bearta araíonachta seo a leanas i bhfeidhm:-

- Fionraí gan phá.
- Cailliúint incriminte.
- Incrimint a chur siar.
- Athrú dualgais (d'fhéadfadh athrú uainchláir nó cailliúint tuillimh a bheith i gceist leis seo).
- Ísliú céime.
- Briseadh as post.*

***(Ní liosta iomlán é seo).***

*Má chinneann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, tar éis imscrúdú iomlán, go bhfuil údar le dífhostú, beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach sna Rialacháin Sláinte maidir le hOifigigh agus Seirbhísigh a Bhriseadh.

## Agallamh Araíonachta

**Roimh Ré**

Cuir nádúr na líomhaintí in iúl don fhostaí.

Déan imscrúdú críochnúil agus cruinnigh fíricí.

Smaoinigh ar aon nósanna imeachta agus ar Thaifead Araíonachta an Fhostaí.

Cuir an fostaí ar an eolas faoi dháta an agallaimh agus faoin gceart ionadaíocht a bheith aige/aici.

Cinntigh go mbeidh an leagan amach ceart ar an gcruinniú de réir an nós imeachta.

**Lena Linn**

An t-agallamh araíonachta a thionól.

Mínigh na líomhaintí agus an fhianaise.

Éist le cás an Fhostaí.

Glac nótaí nó faigh duine chun iad a ghlacadh.

Lorg soiléiriú ar na príomhcheisteanna.

Cuir an t-agallamh ar atráth chun na pointí a ardaíodh agus aon imthosca maolaitheacha a bhreithniú

Smaoinigh ar an ngníomh cuí atá le déanamh.

Tosaigh an t-agallamh arís agus cuir an fostaí ar an eolas faoin gcinneadh, faoin athrú iompraíochta is gá agus na hiarmhairtí a bhaineann le teip feabhsú sa todhchaí.

Sonraigh dáta athbhreithnithe, má tá ceann le bheith ann.

Cuir an fostaí ar an eolas faoin Nós Imeachta Achomhairc.

**Ina**

Scríobh nótaí an agallaimh agus socraigh go ndeimhneofar an cinneadh don fhostóir.

**Seicliosta Gníomhaíochta Araíonachta**

An ndearna tú imscrúdú pras agus críochnúil? **NÍ DHEARNA** → DÉAN IMSCRÚDÚ

**RINNE**

↓

An bhfuil gá le cúnamh agus comhairle? **TÁ** → CÚNAMH AGUS COMHAIRLE

**NÍL**

↓

An bhfuil gníomh araíonachta riachtanach? **NÍL** → Monatóireacht agus Athbhreithniú

**TÁ**

↓

An féidir déileáil leis an ábhar go neamhfhoirmiúil? **IS FÉIDIR** → Plé Neamhfhoirmiúil

**NÍ FÉIDIR**

↓

Agallamh araíonachta foirmiúil

**SCOIL NA SÍCEOLAÍOCHTA**
*Cláir Ghairmiúla*

**Applied Behaviour Analysis (MSc)**
**Clinical Psychology (DClinPsych)**

**Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh (PFPP)**

**Réamhrá**

Maidir le seachadadh clár gairmiúil agus creidiúnaithe a bhfuil cleachtas le húsáideoirí seirbhíse/grúpaí cliant i gceist leo, agus a ndéantar measúnú díreach ar an gcleachtas sin, tá freagracht ar an ollscoil a chinntiú go meastar na mic léinn a bheith inniúil i dtaca le cleachtadh. Tá freagracht uirthi chomh maith, a mhéid agus is féidir nuair atá oiliúint ghairmiúil agus chleachtas-bhunaithe á cur ar fáil aici, polasaithe a bheith i bhfeidhm aici a chinntíonn go dtabharfar cosaint do dhaoine leochaileacha agus do leanaí agus go mbeidh siad sábháilte. Is é príomhchuspóir na bpolasaithe Inniúlachta i dtaca le Cleachtadh a chinntiú go gcosnófar leas an phobail, sábháilteacht an chliaint agus soláthróirí socrúchán. Maidir le mic léinn atá cláraithe ar chláir ghairmiúla chreidiúnaithe, ar chláir atá le creidiúnú fós agus/nó cláir a mbaineann gné chliniciúil/shocrúcháin leo, éilítear ar na mic léinn sin cloí le cóid iompair chuí na gcomhlachtaí gairmiúla agus/nó clárúcháin. Táthar ag súil chomh maith go mbeidh mic léinn sláintiúil, idir cholainn agus intinn, ionas go mbeidh siad in ann tabhairt faoin gcleachtas gairmiúil go hinniúil.

**An Próiseas duine a chur ar aghaidh chuig Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh**

Cuirfear duine ar aghaidh chuig Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh (FPP) mar rogha dheiridh tar éis gach iarracht réasúnta eile a bheith déanta chun tacú leis an mac léinn agus/nó aghaidh a bheith tugtha ar an ábhar imní maidir lena gcleachtadh. Tiocfaidh an próiseas trí Stiúrthóir an MSc in Applied Behaviour Analysis nó Stiúrthóir an Chláir Dochtúireachta in Clinical Psychology de réir mar is cuí i gcomhairle le comhaltaí foirne ábhartha an chláir. Rachaidh sé ar aghaidh ansin le Ceann Scoil na Síceolaíochta a chur ar an eolas.

**Aidhm Phainéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh**

Tá Painéil Inniúlachta an Chláir agus na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh ann chun 'inniúlacht i dtaca le cleachtadh' a chinntiú nuair a bhíonn baint ag mic léinn le cleachtas a ndéantar measúnú díreach air le húsáideoirí seirbhíse/grúpaí cliant chun cosaint an phobail, grúpaí cliant leochaileach(a) agus soláthraithe socrúcháin chliniciúil a chinntiú.

Tionóltar Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh nuair a léiríonn stiúrthóir cliniciúil, comhordaitheoir oiliúna cliniciúla nó, más infheidhme, fostóir an mhic léinn imní faoi inniúlacht an mhic léinn i dtaca le Cleachtadh. I gcás mic léinn síceolaíochta cliniciúla, is é an bainisteoir líne de chuid FSS an fostóir go hiondúil.

An cuspóir atá le Painéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh an t-ábhar imní atá curtha faoina bhráid a mheas, féachaint an ábhar atá ann a bhaineann le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh agus ar cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

*Ní dhéanann Painéal an Chláir breithiúnais chinnte maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh; is ann dó go sonrach chun a chinneadh an bhfuil cás le freagairt maidir le hInniúlacht i dtaca le Cleachtadh nach mór é a chur faoi bhráid Phainéal na hOllscoile.*

**Comhdhéanamh Phainéal Inniúlachta an Chláir i dtaca le Cleachtadh**

Maidir le FPP an Chláir:

- Beidh cleachtóirí acadúla agus gníomhaireachta ar an bPainéal ar feadh tréimhse 3 bliana.
- Beidh Stiúrthóirí Cláir an MSc in Applied Behaviour Analysis agus an Chláir Dochtúireachta in Clinical Psychology ina gcomhchathaoirleach air.
- Tionólfar é sa chás go dtagann ábhair imní maidir le hinniúlacht mac léinn i dtaca le cleachtadh chun cinn i rith socrúcháin faoi mhaoirseacht nó ag pointe éigin eile i rith an chláir oideachais, fiú mura cleachtas cliniciúil atá i gceist.

**Is gnách go mbíonn cinntí maidir le torthaí a bhaineann le 'hinniúlacht i dtaca le cleachtadh' bunaithe ar na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:**

- Athbhreithniú ar aon fhaisnéis/ábhar a mheasann an FPP a bheith ábhartha chun inniúlacht an mhic léinn i dtaca le cleachtadh a mheasúnú agus de ghnáth áireofar, ach ní bheidh sé teoranta dóibh; tuarascálacha measúnaithe socrúcháin chliniciúil agus athbhreithnithe feidhmíochta bliantúla.
- Sa chás go bhfuil ceist faoi chumas an mhic léinn riachtanais phraiticiúla agus/nó ghairmiúla an róil chliniciúil a chomhlíonadh ar bhealach sábháilte de bharr easláinte/lagaithe/míchumais; déanfaidh an FPP athbhreithniú ar aon tuairiscí leighis nó tuairiscí gaolmhara a chuirtear ar fáil le toiliú an mhic léinn don Phainéal.
- Athbhreithniú ar na bearta go léir a cuireadh i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil tacaíocht chuí agus réasúnta faighte ag an mac léinn ón gClár.
- Nuair is cuí, measúnú ar chumas an mhic léinn fianaise a léiriú ar chleachtas inniúil agus sábháilte de réir na gcaighdeán gairmiúil agus eiticiúil foilsithe atá sonraithe ag na comhlachtaí gairmiúla ábhartha ar nós BACB, PSI agus CORU.

**I measc na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht faoi dhlínse an Chláir FTPP tá:**

1. Sárú tromchúiseach ar iompar gairmiúil (e.g. sárú líomhnaithe ar rúndacht an chliaint)

2. Sláinte/lagú/míchumas (ní féidir leis an duine riachtanais phraiticiúla/ghairmiúla an róil a chomhlíonadh mar gheall ar bhreoiteacht, lagú nó míchumas)

3. Cionta acadúla (e.g. líomhaintí séitéireachta nó mímhacántacht acadúil eile)

4. Ciontú coiriúil

5. Gan an clár staidéir a chríochnú laistigh de thréimhse ama a mheastar a bheith leordhóthanach chun scileanna cliniciúla agus eolas cothrom le dáta a choinneáil.

**Féadfaidh FPP an Chláir leas a bhaint as faisnéis a fhaightear ó na foinsí seo a leanas nuair is cuí chun athbhreithniú cothrom a chinntiú:**

- Fianaise ar obair a rinneadh le linn aon tréimhse de chleachtas cliniciúil maoirsithe a mheastar a bheith ábhartha.

- Cóipeanna d'fhoirmeacha meastóireachta cleachtais chliniciúil.

- Agallamh le Maoirseoirí Socrúcháin Chliniciúil ábhartha.

- Agallamh leis an mac léinn atá i gceist.

- Agallamh le Comhordaitheoir Oiliúna Cliniciúla an mhic léinn.

- Agallamh le Bainisteoir Líne FSS an mhic léinn i gcás mic léinn síceolaíochta cliniciúla atá urraithe ag FSS.

- Agallamh le Ceann na Seirbhíse/Stiúrthóir Cleachtais an tsoláthraí socrúcháin chliniciúil (má mheastar gur gá).

- Agallamh leis an Stiúrthóir Cleachtais Chliniciúil (má bhaineann).

**Cinntí an FPP**

Is féidir leis an FPP na cinntí seo a leanas a dhéanamh:

- Go bhféadfaí déileáil leis an ábhar atá tagtha chun cinn trí ghnáthphróiseas measúnaithe agus forchéimnithe an Chláir.

- Go dtagann an t-ábhar a thagann chun cinn faoi Chód Iompair na Mac Léinn agus gur chóir é a chur faoi bhráid Choiste Araíonachta cuí na hOllscoile.

- Go mbaineann dóthain ábharthachta agus imní leis an ábhar gur cheart é a chur faoi bhráid Phainéal Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

**Rannpháirtíocht an Mhic Léinn**

- Tabharfar cuireadh don mhac léinn bualadh leis an bPainéal chun an t-ábhar a phlé, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla.

- Tabharfar cead don mhac léinn duine a thabhairt leis/léi mar thacaíocht.

- Tabharfar cuireadh don mhac léinn tuairisc a chur faoi bhráid an phainéil.

- Coinneofar an mac léinn ar an eolas maidir leis na nósanna imeachta atá á leanúint ag Painéal an Chláir.

NUI Galway
OÉ Gaillimh

## RIALACHÁIN D'IOMPRAÍOCHT AGUS IOMPAR GAIRMIÚIL

## NA MAC LÉINN FOCHÉIME LEIGHIS

### Clár na nÁbhar

1. RÉAMHRÁ
2. IOMPRAÍOCHT GHINEARÁLTA
3. IDIRBHEARTA PEARSANTA AGUS GAIRMIÚLA
4. FEISTEAS AGUS TEACHT I LÁTHAIR
5. CÁIL AGUS CUMAS
6. RÚNDACHT
7. RIALÚ
8. CÓGAS SLÁINTE AGUS ÚSÁID SUBSTAINTÍ
9. SÁRÚ AR CHÓD IOMPRAÍOCHTA AGUS IOMPAIR GHAIRMIÚIL NA MAC LÉINN LEIGHIS

### 1. RÉAMHRÁ

**Ba cheart do mhic léinn leighis a thabhairt faoi deara go mbaineann Cód Iompair na Mac Léinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, le gach mac léinn atá cláraithe in OÉ Gaillimh, mic léinn leighis san áireamh. Tá Cód Iompair & Iompraíochta na Mac Léinn Fochéime Leighis in OÉ Gaillimh le léamh, le tuiscint agus le cur i bhfeidhm anuas ar Chód Iompair iomlán na Mac Léinn, mar atá curtha le chéile mar fhreagra sonrach ar na cásanna cliniciúla uathúla, pribhléideacha agus freagracha a bhaineann le mic léinn leighis agus iad ina bhfochéimithe.**

Bíonn mic léinn leighis i mbun cúram uathúil agus faoi phribhléid agus iad ina bhfochéimithe mar go mbíonn idirghníomhú agus teagmháil acu le hothair atá breoite agus faoi chontúirt. Tá idirghníomhú othar bunaithe ar mhuinín, ionracas, meas, freagracht agus an leibhéal is airde d'iompar gairmiúil lena chinntiú nach ndéanfar dochar riamh d'othair nó nach gcuirtear trína chéile iad mar thoradh ar iompar doghlactha nó míchuí ón mac léinn leighis. Mar sin, ní mór do mhic léinn leighis cloí i gcónaí leis na prionsabail atá léirithe sa Chód Iompair i ngach cás ach go háirithe i suíomhanna cliniciúla agus beidh feidhm acu maidir le hidirghníomhaíochtaí mac léinn-othar, mac léinn-mac léinn agus idir mic léinn

agus comhaltaí foirne i Scoil an Leighis nó sa suíomh cliniciúil. I gcúinsí ina dteipeann ar mhac léinn cloí leis an gCód Iompair agus go sáraíonn sé/sí aon cheann de na forálacha atá ann, bainfidh Scoil an Leighis úsáid as nósanna imeachta chun déileáil leis an sárú go cóir, go tapa agus go cuí.

Tá sé de dhualgas ar mhic léinn seasamh leis na caighdeáin atá léirithe sa Chód Iompair seo agus comhairle a lorg ar Scoil an Leighis má bhíonn amhras orthu faoi ghné ar bith de.

Tuigeann Scoil an Leighis go dtarlaíonn mí-iompar na mac léinn go ginearálta in dhá chatagóir ach ba chóir do mhic léinn a thuiscint nach liosta uileghabhálach mí-iompair é seo agus tá an rogha ag Ceann Scoil an Leighis gearáin faoi leith a bhreithniú agus iad a léirmhíniú de réir phrionsabail ghinearálta agus spiorad an Chóid Iompair. Seo a leanas na Catagóirí:

**Catagóir A**

a) Droch-chumarsáid/cumarsáid dhoghlactha: lena n-áirítear ionsaí, ciapadh, bulaíocht, imeaglú, úsáid teanga maslaí agus/nó bagairtí ar chomh-mhic léinn, ar chomhaltaí foirne nó ar othair.
b) Teip rúndacht othar a chosaint agus faisnéis rúnda othar a nochtadh go míchuí, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta.
c) Teip idirghníomhú le hothair ar bhealach ómósach, cúirtéiseach, le dínit agus chuige sin, teip an tábhacht a bhaineann le teorainneacha pearsanta agus príobháideacha a aithint agus aird a thabhairt orthu agus iad ag déileáil le hothair.
d) Teip maidir leis na híosleibhéil tinrimh a theastaíonn ag gníomhaíochtaí oideachais a bhaint amach. Chuige seo bítear ag súil go n-oibreoidh mic léinn leighis go dícheallach agus go gcinnteoidh siad agus iad ag cur isteach obair chúrsa gur leo féin an obair sin agus nach bhfuil bradaíl déanta uirthi.
e) Teip teacht chuig gníomhaíochtaí oideachais in am nuair is ionann teacht go déanach go rialta agus teip.
f) Teip cloí le Cód Feistis Scoil an Leighis.
g) Sárú ar Chód Iompair na hOllscoile ar cheart a léamh i gcomhar leis na 'Rialacháin maidir le hIompraíocht agus Iompar Gairmiúil na Mac Léinn Fochéime Leighis'.

**Catagóir B**

a) Cion coiriúil a dhéanamh: Chuige sin bítear ag súil go gcuirfidh mic léinn in iúl do Cheann Scoil an Leighis má tá siad ina n-ábhar d'imeachtaí ar bith a d'fhéadfadh a ngairmiúlacht agus a gcumas amach anseo chun cleachtadh mar dhochtúir a cheistiú.
b) Dul i ngleic le hiompar díchreidiúnaithe nó míchuí a tharraingíonn droch-cháil ar an ngairm leighis agus ar na mic léinn leighis sa chaoi is go mbaintear an bonn de mhuinín an phobail as gairm an leighis agus as na mic léinn leighis.
c) A bheith tugtha do, nó ag baint úsáid mhíchuí as, substaintí a lagaíonn acmhainn lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chógais ar oideas, drugaí mídhleathacha, alcól.
d) Tinneas intinne nó coirp go pointe a chuireann isteach ar chumas an mhic léinn leighis feidhmiú mar dhochtúir de réir na riachtanas atá leagtha amach ag Comhairle na nDochtúirí Leighis.

## 2. IOMPRAÍOCHT GHINEARÁLTA

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

- **2.1.** Cloí le dlíthe na tíre.
- **2.2.** Gníomhú ar bhealach macánta iontaofa ina saol gairmiúil agus pearsanta.
- **2.3.** Iad féin a iompar ar bhealach a oireann do lia-chleachtóir amach anseo, de réir na dtreoirlínte seo.
- **2.4.** Cloí leis na rialacha agus na rialacháin, na polasaithe agus na nósanna imeachta a rialaíonn feidhmiú na hOllscoile, na Scoile Leighis, na n-ospidéal, agus na suíomhanna teagaisc eile e.g. an Seomra Mionscrúdaithe Anatamaíochta.

## 3. IDIRBHEARTA PEARSANTA AGUS GAIRMIÚLA

In idirghníomhaíochtaí le hothair, ba chóir go gcinnteodh mic léinn nach molann siad cóireáil riamh nó nach dtugann siad comhairle leighis nach bhfuil siad in ann, cáilithe nó fostaithe a thabhairt agus nuair is cuí go lorgaíonn siad comhairle ó mhaoirseoir. Ina theannta sin, ba chóir do mhic léinn caighdeáin chuí éide, cuma agus sláinteachais phearsanta a choinneáil.

- **3.1.** Meas a léiriú ar cheart othair diúltú páirt a ghlacadh sa teagasc, agus deireadh a chur le hidirghníomhaíocht.
- **3.2.** A thuiscint go bhfuil othair i dteideal compánach a bheith leo, nuair is cuí.
- **3.3.** Iad féin a chur in aithne don othar mar mhac léinn leighis (lena n-áirítear gaolta an othair, cairde agus daoine eile) agus meas a léiriú ar cheart an othair chun príobháideachta, dínite agus measa, ag caitheamh le hothair i gcónaí go cúirtéiseach.
- **3.4.** Labhairt go foirmiúil le hothair aosacha, ag baint úsáid as a dteideal agus a sloinne, mura dtugtar cuireadh dó/di a mhalairt a dhéanamh.
- **3.5.** Iad féin a chur in aithne d'othair mar mhic léinn leighis agus cead a fháil i gcónaí d'aon scrúdú nó gnáthamh atá beartaithe.
- **3.6.** Éisteacht le hothair agus meas a léiriú ar a gcuid tuairimí.
- **3.7.** Caitheamh le hothair go cúirtéiseach agus go tuisceanach.
- **3.8.** Caitheamh go cothrom le gach othar, beag beann ar stíl mhaireachtála an othair, cúinsí pearsanta, cultúr, creideamh, eitneachas, náisiúntacht, cine, reiligiún, inscne, claonadh gnéasach, stádas sóisialta nó fiúntas eacnamaíoch.
- **3.9.** **Gan** mí-úsáid a bhaint **riamh** as muinín othair, e.g. trí chaidreamh míchuí pearsanta, airgeadais nó gnéasach a bhunú le hothar nó lena ngarghaolta.
- **3.10.** Caitheamh le páirtí, gaolta, cairde othair go tuisceanach agus le meas.

***In idirghníomhaíochtaí le comhghleacaithe (lena n-áirítear mic léinn eile, foireann acadúil, foireann cúraim sláinte agus riaracháin) ba cheart do mhic léinn leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

- Iad féin a iompar ar bhealach cúirtéiseach agus gairmiúil.
- Gan iompraíocht mhaslach, ionsaitheach, bhagrach/bhulaíochta, dhímheasúil nó mhíchúirtéiseach a léiriú riamh.

- Aitheantas agus ómós a léiriú do rannpháirtíocht na foirne ar fad.
- Oibriú leo ar an mbealach is fearr a fhreastalaíonn ar leas na n-othar.

## 4. FEISTEAS AGUS TEACHT I LÁTHAIR

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

**4.1.** Bheith feasach agus meas a léiriú ar dhifríochtaí cultúrtha i bhfeisteas agus i dteacht i láthair.

**4.2.** A chinntiú go bhfuil a bhfeisteas (éadaí, gabhálais agus aon seodra) sách gairmiúil agus oiriúnach don timpeallacht. Baineann na nithe seo a leanas leis an timpeallacht chliniciúil:

- 4.2.1. níl cead seaicéad / carbhat
- 4.2.2. muinchillí gearra amháin
- 4.2.3. níl cead seodra
- 4.2.4. gruaig ceangailte siar
- 4.2.5. níl cead cótaí bána

**4.3.** Cloí leis na caighdeáin is airde sláinteachais phearsanta.

**4.4.** Suaitheantas ainm/aitheantais a chaitheamh i gcónaí.

**4.5.** Ar mhaithe le dea-chumarsáid, a n-aghaidh a thaispeáint go hiomlán d'othair, do mhúinteoirí agus do chomhghleacaithe i dtimpeallacht ospidéil (neamh-mháinliachta), príomhchúraim agus pobail.

## 5. Cáil agus Cumas

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

**5.1.** Bheith feasach agus meas a léiriú ar theorainneacha a bhfreagrachta agus a ngníomhaíochtaí.

**5.2.** **Gan** – mura n-ordaíonn a maoirseoir – cóireáil leighis a mholadh **riamh**, nó aon ghníomh ar leith a dhéanamh, a d'fhéadfadh othair nó daoine eile a thuiscint mar chomhairle leighis.

**5.3.** Comhairle nó cúnamh a lorg nuair nach leor a dtaithí chun déileáil le cás ina n-aonar.

***5.4.*** A bheith toilteanach scrúdú a dhéanamh – lena bhféadfadh teagmháil fhisiciúil a bheith san áireamh – ar othar *ar bith*.

## 6. RÚNDACHT

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

**6.1.** Prionsabal na rúndachta i dtaifid othar agus sonraí othar a thuiscint, glacadh leo agus aontú a bheith faoi cheangal acu cibé acu a dtarlaíonn rochtain ar shonraí den sórt sin i suíomh cliniciúil agus/nó i suíomh taighde.

**6.2.** Gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh lena chinntiú go gcoimeádtar sonraí pearsanta ar bith a bhaineann le mic léinn agus le comhghleacaithe eile faoi rún; aon sonraí taifeadta ar ghníomhaíochtaí múinte mar léachtaí nó ranganna teagaisc eile san áireamh. **NÍOR** chóir do mhic léinn **faisnéis thaifeadta a scaipeadh ar na meáin shóisialta.**

**6.3.** An polasaí gur cheart tagairtí d'othair a bheith anaithnid má tá an fhaisnéis le bheith ar fáil dóibh siúd lasmuigh den fhoireann chliniciúil a thuiscint agus cloí leis. Níor cheart sonraí pearsanta, príobháideacha, íogaire nó rúnda a stóráil ar ghléasanna iniompartha lena n-áirítear maidí cuimhne USB, dlúthdhioscaí, téipeanna etc. I gcásanna nach féidir é seo a sheachaint, ní mór gach fearas ar a bhfuil an cineál seo sonraí a chriptiú.

Maidir le ríomhairí glúine, ní mór an diosca iomlán a chriptiú beag beann ar an gcineál sonraí atá stóráilte; **NÍOR** chóir faisnéis othar **a stóráil ar mhaide cuimhne USB.** Ní mór aird a thabhairt ar rúndacht othar i gcomhthéacs suíomhanna líonra sóisialta agus cumarsáid eile atá bunaithe ar an idirlíon.

**6.4.** **Ná pléigh** othair le mic léinn eile **riamh** ná le daoine gairmiúla lasmuigh den suíomh cliniciúil, ach amháin gan ainm.

**6.5.** **Ná pléigh** othair aonair – ná páirtithe, gaolta ná cairde othar – fiú go hanaithnid, má tá an pobal i gcoitinne in ann tú a chloisteáil.

**6.6.** Cuir duine sinsearach den fhoireann ar an eolas má chreideann tú go bhfuil sábháilteacht othar i mbaol nó á cur i gcontúirt ag teagmhas nó cleachtas in ospidéal nó i suíomh teagaisc eile; nó má chreideann tú go bhfuil sábháilteacht othar á bagairt nó á cur i gcontúirt ag feidhmíocht nó iompraíocht comhghleacaí.

## 7. RIALÚ

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann Gaillimh:***

**7.1.** Cloí le rialacha agus rialacháin, polasaithe agus nósanna imeachta na n-eagraíochtaí ina bhfuil siad ag staidéar agus/nó ina mbíonn siad i dteagmháil le hothair.

**7.2.** Meas a léiriú ar mhaoin na hOllscoile, na Scoile, agus suíomhanna teagaisc eile.

**7.3.** Is le haghaidh úsáid phearsanta amháin atá aon taifead de léachtaí, seimineáir nó uirlis teagaisc eile a dhéanann mac léinn. Ná scaip ábhar dá leithéid ar shuíomhanna líonraithe shóisialta riamh.

## 8. CÓGAS/SLÁINTE AGUS ÚSÁID SUBSTAINTÍ

***Ba cheart do Mhic Léinn Leighis i Scoil an Leighis, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh:***

**8.1.** **Gan alcól a ól riamh** ag am a bhféadfadh sé dochar a dhéanamh do réasún nó breithiúnas nó cur isteach ar fhreagrachtaí gairmiúla ar shlí eile.

**8.2.** Gan ach cógais thar an gcuntar agus cógas ar oideas de réir mar a ordaítear a úsáid.

**8.3.** Comhairle chógaisíochta agus/nó leighis a lorg maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon chóireáil a d'fhéadfadh cur isteach ar réasún nó breithiúnas nó ar fhreagrachtaí gairmiúla ar bhealach eile.

**8.4.** Duine acadúil nó comhairleoir cuí a chur ar an eolas agus, nuair is gá, staonadh ó theagmháil le hothair, más eol go bhfuil nó má fhorbraíonn mac léinn **galar teagmhálach atá suntasach go cliniciúil** agus a bhféadfadh sé/sí a thabhairt do dhaoine eile.

**8.5.** Duine acadúil nó comhairleoir cuí a chur ar an eolas agus, nuair is gá, staonadh ó theagmháil le hothair, fad atá cóireáil ar bun a d'fhéadfadh cur isteach ar réasún nó breithiúnas nó ar fhreagrachtaí gairmiúla ar bhealach eile.

**8.6.** **Gan** comhairle a thabhairt **riamh** maidir le húsáid aon chógas, agus gan iarracht a dhéanamh cógas a fhorordú nó a dháileadh.

**8.7.** An dlí maidir le drugaí mídhleathacha a thuiscint agus cloí leis, rud a fhágann nach bhfuil sé inghlactha úsáid nó dáileadh drugaí mídhleathacha in imthosca ar bith ná ag am ar bith.

## 9. SÁRÚ AR CHÓD IOMPRAÍOCHTA AGUS IOMPAIR GHAIRMIÚIL NA MAC LÉINN LEIGHIS

**9.1.** *Oifigeach Araíonachta OÉ Gaillimh atá ceaptha ag Coiste Ghnóthaí na Mac Léinn do Scoil an Leighis.* Beidh Coiste Ghnóthaí na Mac Léinn i Scoil an Leighis freagrach as déileáil le cionta i gCatagóir A de Chód Iompair na Mac Léinn Leighis.

**9.2.** Cuirfear cionta Chatagóir B trí Choiste Ghnóthaí na Mac Léinn ar aghaidh díreach chuig an Oifigeach Araíonachta / Coiste Araíonachta OÉ Gaillimh, nuair is cuí, fónfaidh Coiste Ghnóthaí na Mac Léinn i Scoil an Leighis mar Oifigeach Araíonachta ainmnithe.

**9.3.** Nuair is cuí, féadfar cionta chatagóir B a chur ar aghaidh chuig Coiste Inniúlachta na hOllscoile i dtaca le Cleachtadh.

**CÓD IOMPAIR AGUS IOMPRAÍOCHTA GAIRMIÚLA NA**

**MAC LÉINN FOCHÉIME LEIGHIS**

DEIMHNÍM GO BHFUIL CÓD IOMPAIR AGUS IOMPRAÍOCHTA GAIRMIÚLA NA MAC LÉINN LEIGHIS LÉITE AGAM AGUS AONTAÍM CLOÍ LEIS NA FORÁLACHA SA CHÓD SIN

DEIMHNÍM GO BHFUIL CÓD IOMPAIR AGUS IOMPRAÍOCHTA GAIRMIÚLA NA MAC LÉINN LEIGHIS MÍNITHE DOM AG [______________________________] THAR CEANN SCOIL AN LEIGHIS I RITH AN TSEISIÚIN EOLAIS AN

[______________]

DEIMHNÍM GO DTUIGIM GO MBAINEANN CÓD IOMPAIR AGUS IOMPRAÍOCHTA GAIRMIÚLA NA MAC LÉINN LEIGHIS LIOMSA FAD ATÁ MÉ I MBUN NA FOCHÉIME

SÍNITHE:____________________ DÁTA: ______________

Ainm (Clóigh le do thoil): ____________

SÍNITHE:______________________ DÁTA: ______________

THAR CEANN SCOIL AN LEIGHIS